Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15192/22**

**FIN 1260**
**RESPR 44**
**CADREFIN 201**
**POLGEN 153**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 687 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis na bearta feabhais ar thug an Ungáir fógra fúthu faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 chun buiséad an Aontais a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 687 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 687 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2022
COM(2022) 687 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na bearta feabhais ar thug an Ungáir fógra fúthu faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 chun buiséad an Aontais a chosaint**

GA GA

(1) Tagann an Teachtaireacht seo sna sála ar an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir[1] ('Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme') an 18 Meán Fómhair 2022. Tugann sé an fhaisnéis is gá don Chomhairle chun cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 6(10) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ('an Rialachán maidir le Coinníollacht')[2] roimh an 19 Nollaig 2022.

(2) Tionscnaíodh an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht trí fhógra i scríbhinn a tarchuireadh chuig an Ungáir an 27 Aibreán 2022 ('Fógra'). An 18 Meán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme i gcomhréir le hAirteagal 6(9) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

(3) Sa Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme, chuir an Coimisiún i láthair a mheasúnú ar na bearta feabhais atá beartaithe mar a chuir Rialtas na hUngáire i láthair iad chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choimisiúin. Go sonrach, deir aithris (28) den togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme 'ó tharla go mbaineann na saincheisteanna a sainaithníodh san Ungáir leis an gcreat dlíthiúil agus, go feadh méid mór, le cleachtais riaracháin, an measúnú ar leordhóthanacht na mbeart feabhais arna moladh ag an Ungáir chun a n-aidhm a bhaint amach maidir le deireadh a chur leis na sáruithe agus/nó leis na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais, beidh sé ag brath ar an anailís ar shonraí na mbeart agus ar chur chun feidhme ceart, iomlán agus éifeachtach na bpríomhchéimeanna cur chun feidhme go léir mar a shonraítear sna hamlínte ábhartha arna gcur isteach ag an Ungáir an 22 Lúnasa. I ndáil leis sin, is gá fós don Ungáir cuid mhór de na príomhchéimeanna a dhéanamh le haghaidh na mbeart feabhais a mholtar'. Tá na príomhchéimeanna cur chun feidhme le feiceáil freisin san Iarscríbhinn a ghabhann le meabhrán míniúcháin an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme (na 'Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme').

(4) In aithrisí 11 agus 12, tugtar achoimre sa Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ar thorthaí an Choimisiúin san Fhógra maidir le cásanna arb ionann iad agus sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus na cásanna lena mbaineann sáruithe den sórt sin san Ungáir atá díobhálach do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do leasanna airgeadais an Aontais, nó a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú ina leith. Baineann na torthaí le neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha tromchúiseacha i nósanna imeachta soláthair phoiblí, as a dtagann comhchruinniú dámhachtainí conarthaí, easnaimh thromchúiseacha i sannadh creat-comhaontuithe, neamhchur i bhfeidhm rialacha soláthair phoiblí agus rialacha coinbhleachta leasa maidir le 'hiontaobhais leasa phoiblí' agus na heintitis a bhainistíonn siad, agus easpa trédhearcachta maidir le bainistiú cistí ag na hiontaobhais sin. Ina theannta sin, bhain na torthaí freisin le teorainneacha ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach gníomhaíochta coiriúla líomhnaithe, saincheisteanna a bhaineann le heagrú na seirbhísí ionchúisimh, agus easpa creata um fhrithéilliú atá feidhmiúil agus éifeachtach. Mheas an Coimisiún go léirítear leis na saincheisteanna sin, agus le hatarlú na saincheisteanna sin le himeacht ama, neamhábaltacht, cliseadh nó neamhthoilteanas sistéamach, ó

1 COM(2022) 485 final, 2022/0295 (NLE).
2 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1.

thaobh údaráis na hUngáire de, cosc a chur ar chinntí atá ag sárú an dlí is infheidhme, a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí agus coinbhleachtaí leasa, agus ar an gcaoi sin, dul i ngleic go leordhóthanach le rioscaí éillithe. Is sáruithe ar phrionsabal an smachta reachta iad, go háirithe prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus is cúis imní iad a mhéid a bhaineann le scaradh na gcumhachtaí.

(5) In Aithris 38 den Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme mheas an Coimisiún: ‘na bearta feabhais a mholtar, nuair a chuirtear le chéile iad, bheadh siad in ann aghaidh a thabhairt, i bprionsabal, ar na saincheisteanna a bhaineann le neamhrialtachtaí, easnaimh agus laigí sistéamacha sa soláthar poiblí, rioscaí coinbhleachtaí leasa, agus ábhair imní maidir le ‘hiontaobhais leasa phoiblí’, chomh maith leis na forais bhreise maidir le himscrúdú, ionchúiseamh agus an creat um fhrithéilliú, ar choinníoll go gcuirtear chun feidhme na bearta uile i gceart agus go héifeachtach’.

(6) Dúradh in Aithris 39 freisin go raibh na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme maidir leis na bearta feabhais a mholtar fós le cinneadh, go háirithe conas a dhéanfaí príomh-eilimintí na mbeart a thrasuí sna téacsanna dlíthiúla iarbhír atá le glacadh chun na bearta feabhais a chur chun feidhme. Meabhraíodh freisin in Aithris 39, i bhfianaise go mbaineann roinnt de na saincheisteanna a sainaithníodh san Ungáir ní hamháin le hathruithe ar an gcreat dlíthiúil, ach go háirithe le cur chun feidhme nithiúil na n-athruithe sa chleachtas, agus go n-éilíonn na hathruithe sin tréimhse ama níos faide chun torthaí nithiúla a bhaint amach, go dtí go gcuirfear chun feidhme ar a laghad na príomheilimintí de roinnt de na bearta feabhais tráth an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme, mar a léirítear in amlínte na mbeart feabhais a thíolaic an Ungáir an 22 Lúnasa, go bhfuil baol ann fós do bhuiséad an Aontais. Go dtí go dtiocfaidh na príomhthéacsanna reachtacha i bhfeidhm lena gcuirfí chun feidhme go leor de na bearta feabhais atá beartaithe, agus an measúnú atá sa Mheabhrán Míniúcháin á chur san áireamh, chomh maith leis an bhféidearthacht nach gcuirfí na bearta chun feidhme i gceart, nó go ndéanfaí a n-éifeachtacht a lagú i sonraí na mbeart, mheas an Coimisiún an riosca a thiocfadh as sin do bhuiséad an Aontais agus mhol sé bearta don Chomhairle faoi Airteagal 6(9) den Rialachán maidir le Coinníollacht.

(7) Ar an mbonn sin, mhol an Coimisiún go gcuirfí ar fionraí 65 % de na gealltanais faoi thrí chlár beartais Chomhtháthaithe faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, is é sin (i) Clár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus, (ii) an Clár Oibríochtúil Comhtháite um Iompar Plus, agus (iii) an Clár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus. Maidir leis an gcás nach bhformheasfaí na cláir sin faoin am a nglacfaidh an Chomhairle a cinneadh, mhol an Coimisiún go gcuirfí formheas ceann amháin nó níos mó díobh ar fionraí. Thairis sin, mhol an Coimisiún go mbeadh toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh le haon iontaobhas leasa phoiblí agus le haon eintiteas a choinníonn siad ar bun faoi aon chlár de chuid an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

(8) Léirigh an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme tiomantas na hUngáire tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 19 Samhain 2022, maidir le cur chun feidhme na mbeart feabhais a thíolaic an Ungáir. Sa Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme, luaigh an Coimisiún freisin go gcoinneodh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon ghné ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar a mheasúnú.

(9) Tar éis an phlé idir údaráis na hUngáire agus seirbhísí an Choimisiúin, fuair an Coimisiún faisnéis ón Ungáir an 19 Samhain 2022 maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun na gealltanais a thug Rialtas na hUngáire a chur chun feidhme.

(10) Tar éis breithniú a dhéanamh anois ar na bearta feabhais i bhfianaise a gcur chun feidhme níos mionsonraithe ag an Ungáir, tugtar leis an Teachtaireacht seo an fhaisnéis is gá don Chomhairle chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme. Tá an measúnú sa Teachtaireacht seo bunaithe ar na doiciméid a fuarthas ó údaráis na hUngáire faoin 19 Samhain 2022, is é sin scoithdháta an mheasúnaithe[3].

## MEASÚNÚ AR LEORDHÓTHANACHT NA MBEART FEABHAIS ARNA DTÍOLACADH AG AN UNGÁIR AGUS AR AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA INA LEITH

(11) Tar éis an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh, rinne an Coimisiún anailís ar shonraí na ngníomhartha dlí ábhartha arna dtíolacadh ag an Ungáir agus ar chomhlíonadh na bPríomhchéimeanna Cur Chun Feidhme go háirithe. Ar an mbonn sin, rinne sé measúnú ar leordhóthanacht na 17 mbeart feabhais a thíolaic an Ungáir i litir an 22 Lúnasa 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choimisiúin san Fhógra, arna chomhlánú le gealltanais bhreise a tugadh i litir an 13 Meán Fómhair 2022 ('Litir Mheán Fómhair'), agus an dul chun cinn a rinneadh maidir lena gcur chun feidhme faoin 19 Samhain 2022 á chur san áireamh. Chuir an Coimisiún san áireamh freisin an litir maidir le cur chun feidhme na mbeart feabhais a sheol Aire Dlí agus Cirt na hUngáire Varga chuig an gCoimisinéir Hahn an 19 Samhain 2022 ('Litir mhí na Samhna').

(12) Is iad seo a leanas na bearta feabhais:

i. Athneartú a dhéanamh ar chosc, brath agus ceartú neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais trí Údarás Sláine nua-bhunaithe;

ii. Tascfhórsa um Fhrithéilliú;

iii. An Creat um Fhrithéilliú a neartú;

iv. Trédhearcacht a áirithiú maidir leis an úsáid a bhaineann fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí as tacaíocht ón Aontas;

v. Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistiú maoine poiblí;

vi. Sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun úsáid fhónta thacaíocht an Aontais a ráthú;

vii. Laghdú a chur ar sciar na nósanna imeachta tairisceana ina bhfuil tairiscintí aonair a mhaoinítear ó chistí an Aontais;

[3] Aithníonn an Coimisiún go bhfuarthas an litir a sheol an tAire Dlí agus Cirt Varga chuig an gCoimisinéir Hahn an 26 Samhain 2022. Ní cuid den mheasúnú seo é ábhar na litreach sin.

viii. Laghdú a chur ar sciar na nósanna imeachta tairisceana ina bhfuil tairiscintí aonair a mhaoinítear ón mbuiséad náisiúnta;

ix. Uirlis tuairiscithe tairisceana aonair a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt ar sholáthair phoiblí a dhúntar trí thairiscintí aonair;

x. An Córas Leictreonach Soláthair Phoiblí (EPS) a fhorbairt chun trédhearcacht a mhéadú;

xi. Creat measúnaithe feidhmíochta a fhorbairt lena measúnaítear éifeachtacht agus cost-éifeachtúlacht na soláthar poiblí;

xii. Plean gníomhaíochta a ghlacadh chun an leibhéal iomaíochais sa soláthar poiblí a mhéadú;

xiii. Oiliúint le tabhairt do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le cleachtais soláthair phoiblí;

xiv. Scéim tacaíochta a bhunú chun cúiteamh a dhéanamh ar na costais a bhaineann le bheith rannpháirteach i soláthar poiblí micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide;

xv. Arachne a chur i bhfeidhm;

xvi. Comhar le OLAF a neartú; agus

xvii. Gníomh reachtach a ghlacadh lena n-áirithítear trédhearcacht fheabhsaithe i ndáil le caiteachas poiblí.

(13) Le 13 cinn de na bearta feabhais, leagtar síos Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme atá le comhlíonadh faoin 19 Samhain 2022. I gcás ceithre bheart feabhais, is é sin bearta feabhais (viii.) agus (xii.) go (xiv.), chuir an Coimisiún in iúl nach raibh aon Phríomhchéim Cur Chun Feidhme láithreach ann, toisc go dteastaíonn tréimhse cur chun feidhme níos faide uathu.

(14) Chun na spriocdhátaí a leagtar síos sna Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme a chomhlíonadh, lean an Ungáir ar aghaidh le glacadh roinnt gníomhartha reachtacha idir deireadh mhí Mheán Fómhair agus tús mhí Dheireadh Fómhair 2022. Mar sin féin, bhí gá le dianphlé idir údaráis na hUngáire agus seirbhísí an Choimisiúin chun iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeadh na gníomhartha sin ailínithe go hiomlán leis na bearta feabhais agus go mbeidís éifeachtach. Dá gcloífí le foclaíocht agus le spiorad na mbeart feabhais roimhe sin, lena n-áiritheofaí a n-éifeachtacht, dhéanfaí foráil maidir le próiseas níos rianúla agus leis an measúnú nuashonraithe seo a chur i láthair níos luaithe. Chuir Rialtas na hUngáire 'pacáiste seirbhíse' mar a thugtar air faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta an 15 Samhain 2022, ina raibh roinnt leasuithe beartaithe ar na téacsanna dlíthiúla a glacadh ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2022. Dhá dhréachtbhille atá sa phacáiste seirbhíse, ceann amháin (T/2033) lena ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, a ndearnadh an vótáil chríochnaitheach ina leith an 22 Samhain 2022, agus an dréachtbhille eile (T/2032) lena ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme maidir le gníomhartha bunúsacha (a mbíonn tromlach dhá thrian ag teastáil uathu), agus tá an vótáil chríochnaitheach ina leith socraithe don 6 Nollaig 2022. Mar thoradh air sin, féadfar

leasuithe a bhaineann le cur chun feidhme birt feabhais aonair a roinnt sa dá bhille sin, lena ngabhfaidh dátaí éagsúla glactha. Níor shroich an leagan oibre Béarla den phacáiste seirbhíse sin seirbhísí an Choimisiúin ach go déanach an 18 Samhain 2022.

(15) I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, agus i bhfianaise Airteagail 4 agus 6 de, is gá a chinneadh, leis an measúnú ar leordhóthanacht na mbeart feabhais, an bhfuil na bearta sin, mar a glacadh iad agus i bhfianaise a sonraí, in ann deireadh a chur leis na sáruithe ábhartha ar phrionsabail an smachta reachta agus/nó leis na tionchair nó na rioscaí do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus do leasanna airgeadais an Aontais, agus, dá bhrí sin, teacht ar an gconclúid nach bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin á gcomhlíonadh a thuilleadh.

(16) Tá an measúnú atá ann faoi láthair gan dochar d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh amach anseo i gcás athruithe ar na gníomhartha dlí ábhartha nó ar a rialacha cur chun feidhme, nó i gcás nach gcuirfear na bearta feabhais chun feidhme go héifeachtach, nó i gcás go scoirfear de na bearta sin a chur chun feidhme go héifeachtach nó i gcás nach mbeidh na torthaí a bhfuil coinne leo mar thoradh orthu. Ar an mbonn sin, forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun athmhachnamh a dhéanamh ar a sheasamh maidir le gach ceann de na saincheisteanna, agus, má chomhlíontar na coinníollacha uile faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, forchoimeádann sé an ceart chun tús a chur le nós imeachta nua.

(17) Le Litir mhí na Samhna, thug Rialtas na hUngáire gealltanas tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na mbeart feabhais uile ar bhonn ráithiúil agus gan choinníoll go dtí an 31 Nollaig 2028, i.e. faoi dheireadh na bliana ina rachadh an chéad sainordú sé bliana de chuid bhord an Údaráis Sláine in éag. Gan dochar do na bearta atá beartaithe chun buiséad an Aontais a chosaint, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ceart, iomlán agus éifeachtach na mbeart feabhais uile, lena n-áirítear cur chun feidhme na gcéimeanna uile a bhfuil gealltanas tugtha ag an Ungáir ina leith sna bearta feabhais, lena n-áirítear iad siúd lena gceanglaítear tréimhse cur chun feidhme níos faide (i.e. tar éis an 19 Samhain 2022), agus aon ghealltanas breise arna thabhairt ag an Ungáir i gcomhthéacs na mbeart feabhais.

**i. Athneartú a dhéanamh ar chosc, brath agus ceartú neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais trí Údarás Sláine nua-bhunaithe**

(18) Thug Rialtas na hUngáire gealltanas Údarás Sláine a bhunú a mbeidh sé mar chuspóir aige cosc, brath agus ceartú calaoise, coinbhleachtaí leasa agus éillithe a threisiú chomh maith le cosc, brath agus ceartú neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí eile a bhaineann le haon tacaíocht airgeadais ón Aontas a chur chun feidhme a threisiú. Chun na críche sin, thug an Ungáir gealltanas cumhachtaí fairsinge a thabhairt don Údarás Sláine. Thug sé gealltanas freisin i dtaobh rialacha sonracha maidir le bord an Údaráis Sláine a cheapadh agus maidir le rannpháirtíocht coiste um incháilitheacht (an 'Coiste um Incháilitheacht') atá dírithe ar a ráthú go mbeidh an tÚdarás Sláine agus comhaltaí a bhoird go hiomlán neamhspleách.

(19) Is beart cothrománach é cruthú an Údaráis Sláine, comhlacht nua i gcomhthéacs na hUngáire, arb é is aidhm dó na sáruithe sistéamacha ar an smacht reachta a bhaineann le

soláthar poiblí a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a leigheas. Tá sé ar cheann de na príomhbhearta feabhais atá molta ag an Ungáir.

(20) Ba iad seo a leanas na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme don bheart seo: (i) Cinneadh ón Rialtas a ghlacadh lena bhforáiltear maidir le cúram a chur ar an Údarás Sláine agus maidir leis an amlíne i dtaobh bhunú an Údaráis Sláine faoin 5 Meán Fómhair 2022, (ii) dréacht-Acht maidir le bunú an Údaráis Sláine a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta faoin 30 Meán Fómhair 2022, (iii) an bord a cheapadh faoin 4 Samhain 2022 agus (iv) tús a chur le gníomhaíochtaí iarbhír an Údaráis Sláine amhail ón 19 Samhain 2022.

(21) Rinne an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme.

(22) An 5 Meán Fómhair 2022, ghlac Rialtas na hUngáire Cinneadh 1424/2022 ón Rialtas maidir le cúraimí a bhaineann le húdarás neamhspleách a bhunú a oibríonn chun neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais a chosc, a bhrath agus a cheartú. Tháinig an Cinneadh ón Rialtas sin i bhfeidhm an 6 Meán Fómhair 2022.

(23) An 23 Meán Fómhair 2022, chuir Rialtas na hUngáire an dréacht-Acht a raibh sé d'aidhm aige an tÚdarás Sláine a bhunú faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta. An 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Tionól Náisiúnta an tAcht lena mbunaítear an tÚdarás Sláine (Acht XXVII de 2022 maidir le rialú ar úsáid chistí buiséid an Aontais Eorpaigh, an 'tAcht um Údarás Sláine'), a fógraíodh an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus a tháinig i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2022. Phléigh údaráis na hUngáire roinnt leasuithe ar an Acht um Údarás Sláine le seirbhísí an Choimisiúin; tugadh isteach formhór na leasuithe sa chuid sin den phacáiste seirbhíse ar vótáil an Tionól Náisiúnta ina leith an 22 Samhain 2022. Mar sin féin, cuireadh isteach na leasuithe a bhaineann le cumhachtaí an Údaráis Sláine i ndáil le dearbhuithe sócmhainní sa chuid den phacáiste seirbhíse a bhfuil vótáil chríochnaitheach ina leith socraithe don 6 Nollaig 2022. Tar éis dóibh an pacáiste seirbhíse a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, sheol údaráis na hUngáire dréacht-téacs dlíthiúil athbhreithnithe den Acht um Údarás Sláine chuig an gCoimisiún an 16 Samhain 2022[4]. An tAcht leasaitheach maidir le formhór na leasuithe, glacadh é an 22 Samhain 2022 agus léiríonn sé na hathruithe a áirítear sa téacs dlíthiúil a fuair an Coimisiún an 16 Samhain 2022. Níl an Coimisiún in ann a mheas an dtiocfaidh na leasuithe maidir le dearbhuithe sócmhainní, a bhfuil vótáil ina leith sa Tionól Náisiúnta sceidealaithe don 6 Nollaig 2022, i bhfeidhm mar a mholtar nó an gcuirfear síos tuilleadh leasuithe roimh an dáta glactha.

(24) Maidir leis an dréacht-Acht um Údarás Sláine a ullmhú, bhí gealltanas tugtha ag Rialtas na hUngáire dul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, comhairle beartais na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) a lorg agus na moltaí gaolmhara a chur san áireamh. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, chuaigh Rialtas na hUngáire i gcomhairle go héifeachtach le ECFE, a chuir moltaí maidir le dréachtú ar fáil an 27 Meán Fómhair

4 Tugann an Coimisiún dá aire go raibh roinnt neamhréireachtaí in uimhriú agus in ábhar forálacha áirithe lena leasaítear an tAcht um Údarás Sláine mar a léirítear i mbille T/2033 agus sa dréacht-Acht um Údarás Sláine a cuireadh faoi bhráid sheirbhísí an Choimisiúin an 16 Samhain 2022. Mar sin féin, ní bhaineann na neamhréireachtaí sin le saincheisteanna substainteacha.

2022. An 4 Samhain, chuir rialtas na hUngáire ECFE ar an eolas faoin gcaoi ar thug sé aghaidh ar thuairimí ECFE san Acht um Údarás Sláine a fógraíodh an 10 Deireadh Fómhair 2022. Ina theannta sin, chuaigh Rialtas na hUngáire i gcomhairle le Comhairle na hEorpa maidir leis an dréacht-Acht um Údarás Sláine an 15 Meán Fómhair 2022. Chuir Comhairle na hEorpa barúlacha ar fáil an 13 Deireadh Fómhair 2022, tar éis an tAcht um Údarás Sláine a fhógairt an 10 Deireadh Fómhair 2022. Thug Rialtas na hUngáire freagra an 16 Samhain 2022, tar éis leasuithe ar an Acht um Údarás Sláine a chur isteach mar chuid de phacáiste seirbhíse an 15 Samhain 2022. Chuir Rialtas na hUngáire tuairimí áirithe nó moltaí áirithe maidir le dréachtú san áireamh, lena n-áirítear moltaí ón gCoimisiún a bhí i gcomhréir le seasaimh ECFE agus Chomhairle na hEorpa. Mhínigh údaráis na hUngáire cén fáth nárbh fhéidir tuairimí nó moltaí áirithe a chur san áireamh[5]. Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún gur chomhlíon Rialtas na hUngáire na gealltanais ábhartha sa bheart feabhais maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin. Tugann an Coimisiún dá aire gur glacadh le roinnt moltaí agus gur léiríodh iad sa téacs dlíthiúil ach nár glacadh le roinnt eile agus nár léiríodh iad sin sa téacs dlíthiúil. A mhéid a léiríodh moltaí áirithe, measann an Coimisiún gur rannchuidigh comhairliúchán ECFE agus Chomhairle na hEorpa le dearadh an Achta um Údarás Sláine a fheabhsú[6].

(25) A mhéid a bhaineann le roghnú agus ceapadh bhord an Údaráis Sláine, ghníomhaigh údaráis ábhartha na hUngáire i gcomhréir leis an amlíne agus leis na buncheanglais a leagadh síos sa bheart feabhais arb é is aidhm dó a ráthú go mbeidh an tÚdarás Sláine agus comhaltaí a bhoird go hiomlán neamhspleách. An 23 Meán Fómhair 2022, d'eisigh Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Iniúchóireacht ar Chistí Eorpacha ('EUTAF') glao oscailte idirnáisiúnta ar léiriú spéise maidir le roghnú an triúr comhaltaí den Choiste um Incháilitheacht, bunaithe ar na critéir arna mbunú leis an mbeart feabhais[7]. An 11 Deireadh Fómhair 2022, cheap Ard-Stiúrthóir EUTAF an triúr comhaltaí[8] den Choiste um Incháilitheacht. An 14 Deireadh Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coiste um Incháilitheacht glao ar iarratais le haghaidh bhord an Údaráis Sláine bunaithe ar na critéir arna mbunú leis an mbeart feabhais[9], agus sprioc-am an 25 Deireadh Fómhair 2022 ag gabháil leis. An 28 Deireadh Fómhair 2022, d'eisigh an Coiste um Incháilitheacht liosta na n-iarrthóirí incháilithe don phost mar Uachtarán agus Leas-Uachtaráin bhord an Údaráis Sláine. Ar an dáta céanna, d'fhoilsigh Uachtarán na

[5] Léiríodh leis an tuairim ó Chomhairle na hEorpa, mar shampla, ábhair imní maidir le tacar teoranta forálacha do phróisis iniúchóireachta seachtraí, socruithe tuairiscithe agus cuntasachta, lena n-áirítear nach gcuirtear an tuarascáil bhliantúil maidir le sláine anailíseach faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta ach amháin mar eolas. D'fhreagair an Ungáir gur roghnaíodh an réiteach sin go comhfhiosach, chun a áirithiú go mbeadh an tÚdarás Sláine go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a chúraimí.

[6] Lasmuigh de na comhairliúcháin oifigiúla, tugann an Coimisiún dá aire freisin roinnt measúnuithe seachtracha criticiúla ar dhearadh an údaráis sláine, mar shampla ag Coiste Heilsincí na hUngáire, K-Monitor agus Trédhearcacht Idirnáisiúnta na hUngáire https://transparency.hu/en/news/the-eu-comm-should-to-stop-systemic-corruption-in-hungary-joint-analysis-by-ngos/.

[7] Foilsítear an glao ar léiriú spéise, an toradh agus faisnéis ábhartha eile ar shuíomh gréasáin EUTAF, ag https://eutaf.kormany.hu/alkalmassagi-bizottsag.

[8] Tar éis do dhuine den triúr comhaltaí den Choiste um Incháilitheacht éirí as oifig, chuir Ard-Stiúrthóir EUTAF ceapaí eile ina ionad an 21 Deireadh Fómhair 2022.

[9] Ceanglaítear leis na coinníollacha le haghaidh iarratais, amhail na coinníollacha don Choiste um Incháilitheacht, nach bhfuil poist ná sainorduithe polaitiúla áirithe ag na hiarrthóirí, nach bhfuil siad ina gcomhalta de pháirtí polaitiúil ná d'fhondúireacht pháirtí nó nach bhfuil siad fostaithe ag páirtí polaitiúil ná ag fondúireacht pháirtí agus, ina theannta sin, nach bhfuil aon nasc bainistíochta ná úinéireachta acu le cuideachta. Foilsítear an glao ar léiriú spéise agus na hiarrthóirí incháilithe tar éis scagadh an Choiste um Incháilitheacht ar shuíomh gréasáin EUTAF, ag https://eutaf.kormany.hu/integritas-hatosag-igazgatosag.

hOifige Iniúchóireachta Stáit an ghreille mheastóireachta a úsáidfear chun comhaltaí an bhoird a roghnú[10]. An 3 Samhain 2022, d'ainmnigh Uachtarán na hOifige Iniúchóireachta Stáit na comhaltaí roghnaithe[11], ar cheap Uachtarán na Poblachta iad an 4 Samhain 2022.

(26) Le próiseas roghnúcháin chomhaltaí bhord an Údaráis Sláine, comhlíonadh na gealltanais faoin mbeart feabhais go foirmiúil. Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire, bunaithe ar fhaisnéis a d'fhoilsigh an Oifig Iniúchóireachta Stáit, gur ceapadh an dara Leas-Uachtarán ar an mbord cé go raibh líon pointí níos airde faighte ag iarrthóirí eile sa phróiseas roghnúcháin. De réir na faisnéise a chuir údaráis na hUngáire ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin, lean sé sin próiseas inar tugadh an deis d'ainmnitheach an phoist mar Uachtarán an bhoird beirt iarrthóirí a chur faoi agallamh do phost an dara Leas-Uachtarán[12]. Rinneadh an rogha ansin bunaithe ar aiseolas ón Uachtarán ainmnithe, bunaithe ar an ngá atá le hiarrthóir a roghnú a bhfuil taithí aige nó aici ar eagraíochtaí móra a bhainistiú. Cé go n-éascaítear leis sin, i bprionsabal, bunú boird a d'fhéadfadh comhoibriú go héifeachtach, ní dhéantar foráil maidir leis an nós imeachta sin leis an mbeart feabhais, ina luaitear go gceapfaí an bord tar éis don Choiste um Incháilitheacht seiceáil incháilitheachta a dhéanamh agus tar éis don Oifig Iniúchóireachta Stáit é a roghnú. Dá bhrí sin, ní raibh an nós imeachta go hiomlán trédhearcach a mhéid a bhaineann leis an rogha sin. Tugtar faoi deara freisin nach gcuireann an fhaisnéis atá ar fáil ar chumas an Choimisiúin a chinneadh go gcomhlíonann an t-iarrthóir ceaptha an critéar maidir le taithí leordhóthanach idirnáisiúnta i ndáil le frithéilliú agus soláthar poiblí, fiú má chomhlíonann sé na critéir eile go léir a leagtar amach sna bearta feabhais. Comhlíonann an bheirt chomhaltaí eile den bhord na critéir uile a leagtar amach sna bearta feabhais.

(27) Chuir Uachtarán an Údaráis Sláine in iúl don Choimisiún go mbeartaíonn sé eagraíocht atá níos mó (ina bhfuil 120 ball foirne ar a laghad) ná an t-íosmhéid de 50 ball foirne dá bhforáiltear sa bheart feabhais, a mbeidh buiséad comhchuimseach aici. Beartaíonn sé freisin pacáistí luacha saothair do bhaill foirne, rud a ligeann dó saineolaithe ón earnáil phríobháideach a mhealladh fiú dá sáródh siad sin leibhéil phá chomhaltaí bhord an Údaráis Sláine. Thuairiscigh sé freisin nár chuir Rialtas na hUngáire i gcoinne an iarratais sin cé go raibh plé fós ar siúl maidir le bailchríoch a chur ar an mbuiséad. Tá earcú foirne fós ar siúl agus dhearbhaigh an tUachtarán gurb é an t-aon údarás ceapacháin é agus nach bhfuil aon bhaint ag an rialtas leis an bpróiseas sin. Tá na pleananna foirne agus acmhainní sin fós faoi réir cinntí buiséadacha nach mór a

---

10 Féach https://www.aszhirportal.hu/hirek/az-allami-szamvevoszek-elnokenek-kozlemenye.

11 Féach https://www-aszhirportal-hu.translate.goog/hu/sajtokozlemenyek/az-allami-szamvevoszek-elnokenek-kozlemenye-2022-11-03-20-39-00?_x_tr_sl=auto&_x_tr_tl=en&_x_tr_hl=en-US&_x_tr_pto=wapp. I gcomhréir leis an mbeart feabhais, bhí níos mó ná dhá oiread iarratasóirí incháilithe ná poist ar an mbord (cúigear iarratasóirí ar phost an Uachtaráin agus 13 iarratasóir ar phost an Leas-Uachtaráin).

12 Ghnóthaigh an Dr. Kálmán Dabóczi, a d'ainmnigh an Oifig Iniúchóireachta Stáit agus a ceapadh ina Leas-Uachtarán, 102 phointe, ach fuair iarrthóirí eile níos mó pointí. Féach https://www.aszhirportal.hu/hu/sajtokozlemenyek/az-allami-szamvevoszek-elnokenek-kozlemenye-2022-11-03-20-39-00. Mhínigh an Oifig Iniúchóireachta Stáit do sheirbhísí an Choimisiúin gur rangaíodh iarrthóirí bunaithe ar na pointí a ghnóthaigh siad agus, sa bhreis air sin, i gcás gur ghnóthaigh beirt iarrthóirí nó níos mó na pointí céanna, gur bhreithnigh an Oifig Iniúchóireachta Stáit scileanna ceannaireachta na n-iarrthóirí agus cibé ar mhol nó nár mhol an Coiste um Incháilitheacht iad lena n-ainmniú. Tugadh an deis don ainmní don phost mar Uachtarán an Údaráis Sláine agallamh a chur ar na hiarrthóirí a ghnóthaigh na scóir is airde ar mhol an Coiste um Incháilitheacht iad lena n-ainmniú.

ghlacadh fós. Má dheimhnítear é, measann an Coimisiún go gcuirfeadh na forbairtí sin le héifeachtacht na hinstitiúide.

(28) An 18 Samhain 2022, thionóil bord an Údaráis Sláine an chéad chruinniú oifigiúil, agus cuireadh miontuairiscí an chruinnithe sin ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin.

(29) Maidir le cumhachtaí an Údaráis Sláine, soláthraíonn Ranna ábhartha[13] den Acht um Údarás Sláine formhór na gcumhachtaí a cheanglaítear leis an mbeart feabhais dó, lena n-áirítear: (i) rochtain iomlán a bheith aige ar fhaisnéis maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí agus dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa atá ar siúl agus atá ar na bacáin nó atá beartaithe[14] (Ranna 5 (5)(a), 8 (1) agus (2); Roinn 18 (8)); (ii) treoir a thabhairt d'údaráis eile gníomhartha imscrúdaitheacha riaracháin a dhéanamh thar a cheann (Roinn 5 (2)(a) agus Caibidil III, Fotheideal 7); (iii) treoir a thabhairt do na húdaráis ábhartha nósanna imeachta a thionscnamh chun dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa a fhíorú i gcás gearán agus amhrais maidir le bainistiú chistí an Aontais (Roinn 18 (2); Roinn 24 (1); Roinn 25 (1)); (iv) nósanna imeachta a thionscnamh chun dearbhuithe sócmhainní áirithe a fhíorú (Roinn 5 (6), (6)(a) agus (7)); (v) a mholadh d'údaráis chonarthacha nós imeachta soláthair phoiblí áirithe a úsáid i nós imeachta sonrach nó i gcomhair catagóir nósanna imeachta (Roinn 15 (1)(a) go (e)); (vi) treoir a thabhairt don údarás conarthach ábhartha tairiscint a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil amhras ann faoi chalaois, éilliú, coinbhleacht leasa nó neamhdhleathachtaí nó neamhrialtachtaí tromchúiseacha eile arna mbrath sa nós imeachta (Roinn 21); (vii) údaráis chonarthacha a mholadh ar fhorais oibreoirí eacnamaíocha a eisiamh ón soláthar poiblí (Ranna 15 (1)(e) agus 16); (viii) imeachtaí a thionscnamh os comhair an Bhoird Eadrána Soláthair Phoiblí maidir le hiompar nó mainneachtain de shárú ar rialacha soláthair phoiblí de bhun Acht CXLIII de 2015 maidir le Soláthar Poiblí (Roinn 15 (4)); (ix) athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ar gach cinneadh ó na húdaráis a bhaineann le nósanna imeachta soláthair phoiblí a bhfuil baint acu le haon tacaíocht ón Aontas agus a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach (Roinn 15 (4)); (x) Tuarascáil Sláine anailíseach bhliantúil a eisiúint lena n-áirítear moltaí agus torthaí, agus é d'oibleagáid ar Rialtas na hUngáire freagra a thabhairt ar an Údarás Sláine agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtabharfaidh sé aghaidh ar thorthaí na tuarascála (Caibidil I, Fotheidil 5 agus 6; Roinn 74).

(30) Tugann an Coimisiún dá aire go luaitear an méid seo a leanas san abairt dheireanach de Roinn 3 den Acht um Údarás Sláine, maidir le feidhmiú chúraimí an Údaráis Sláine: 'i gcás ina ndéanfaí tionscadal a bhaint de mhaoiniú an Aontais Eorpaigh, ní bhainfear den Údarás a chumhachtaí mar thoradh air sin más rud é go ndéanann an chalaois, an choinbhleacht leasa, an t-éilliú nó neamhdhleathachtaí nó neamhrialtachtaí eile difear, nó go bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaidís difear, do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais Eorpaigh nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh'. Ag brath ar an gcaoi a ndéantar í a léirmhíniú, ní gá don fhoráil sin

[13] Tagraíonn uimhriú na gCaibidlí, na bhFotheideal agus na Ranna don leagan comhdhlúite den Acht um Údarás Sláine a chuir údaráis na hUngáire faoi bhráid sheirbhísí an Choimisiúin an 16 Samhain 2022.

[14] Faoi bheart feabhais (vi.) maidir le sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú chun úsáid fhónta thacaíocht an Aontais a ráthú, thug Rialtas na hUngáire gealltanas go gcuirfeadh sé oibleagáid ar Stiúrthóireacht na hIniúchóireachta Inmheánaí agus na Sláine (DIAI) a cruthaíodh le déanaí rochtain iomlán ar dhearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa nó ar chomhaid DIAI a chur ar fáil gan mhoill don Údarás Sláine, arna iarraidh sin. Cuireadh an gealltanas sin chun feidhme i ngníomh dlí (féach an measúnú faoi roinn vi. thíos).

cumhachtaí an Údaráis Sláine a bhaint de i gcás ina dtarraingítear siar tionscadal ó mhaoiniú an Aontais. A mhéid a gcoinníonn an tÚdarás Sláine a thuiscint ar na saincheisteanna bunúsacha a bhaineann le calaois, coinbhleacht leasa, éilliú agus neamhdhleathachtaí nó neamhrialtachtaí eile agus ar an nasc atá acu le buiséad an Aontais, d'fhéadfaí a mheas go bhfágfadh an fhoráil go bhfanfadh na tionscadail sin fiú faoi réir ghrinnscrúdú an Údaráis Sláine. Mar sin féin, beidh léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na forála sin ag brath ar chinntí ó údaráis na hUngáire, agus is féidir go ndéanfar foráil den sórt sin a léirmhíniú freisin ar bhealach lena bhféadfar a chumhachtaí a bhaint den Údarás Sláine a luaithe a thosóidh sé ag scrúdú nósanna imeachta soláthair phoiblí áirithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an fhoráil sin a úsáid chun an tÚdarás Sláine a fhágáil neamhéifeachtach agus gan a bheith in ann deireadh a chur leis na fadhbanna struchtúracha a thug ar an gCoimisiún tús a chur leis an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Le deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht an Údaráis Sláine, cheanglófaí go luafaí i bhfoclaíocht na bhforálacha ábhartha go sainráite go gcoinneofar cumhachtaí an Údaráis Sláine fiú tar éis tionscadal a tharraingt siar ó chistiú an Aontais, gan aon eisceacht ná teorainn.

(31) Is díol sásaimh don Choimisiún Roinn 27/A den Acht um Údarás Sláine. Faoin bhforáil sin, féadfaidh an tÚdarás Sláine tairiscint i gcomhair athbhreithnithe nó tairiscint i gcomhair athbhreithnithe arís agus arís eile ar chinntí na seirbhíse ionchúisimh nó na n-údarás imscrúdaithe a chomhdú chun tuarascáil ar choir a dhíbhe nó chun imeachtaí a fhoirceannadh, i gcomhréir leis an nós imeachta nua a tugadh isteach mar thoradh ar bheart feabhais (v.)[15]. Rannchuideodh an fhoráil sin le beart feabhais (v.) agus leis an mbeart feabhais maidir leis an Údarás Sláine a dhéanamh níos éifeachtaí. Bheadh faisnéis agus fianaise phearsanta ag an Údarás Sláine ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'imeachtaí coiriúla. Bheadh sé in ann na heilimintí is gá a chur ar fáil chun a áirithiú go ndéanfaí imscrúdú nó ionchúiseamh na gcionta coiriúla a chumhdaítear leis an nós imeachta nua faoin mbeart feabhais (v.) a atosú go cuí. Mar a mhínítear thíos, áfach, le sonraí an bhirt feabhais maidir le nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó bainistiú maoine poiblí, cuirtear easnaimh áirithe i láthair.

(32) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, ós rud é go mbeidh sé de chumhacht ag an Údarás Sláine, i bhformhór na gcásanna, moltaí a eisiúint d'údaráis chonarthacha, mura gcloífear leis na moltaí sin agus má tá an staid ina dhiaidh sin neamhdhleathach, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh an tÚdarás Sláine in ann imeachtaí breithiúnacha tapa agus éifeachtacha a thionscnamh chun dlíthiúlacht a áirithiú agus chun damáiste do leasanna airgeadais an Aontais a chosc go héifeachtach. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeadh an tÚdarás Sláine in ann na sáruithe struchtúracha a thug ar an gCoimisiún tús a chur leis an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht a leigheas. Tagraíonn Alt 15 (4) don fhéidearthacht atá ag an Údarás Sláine 'imeachtaí a thionscnamh ag an orgán inniúil nó ag an gcúirt inniúil, agus go háirithe, maidir le neamhdhleathacht a bhaineann le soláthar poiblí, féadfaidh sé imeachtaí an Bhoird Eadrána Soláthair Phoiblí a thionscnamh', agus é in ann a iarraidh freisin go nglacfaí bearta eatramhacha. Le halt 27 (1), ceadaítear don Údarás Sláine agóid a dhéanamh, i gcaingean cúirte riaracháin, i gcoinne chinntí an Bhoird Eadrána Soláthair Phoiblí ('PPAB') nó i gcoinne chinntí údarás eile maidir le soláthar poiblí a bhaineann le cistí

[15] Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistiú maoine poiblí

an Aontais, lena n-áirítear an fhéidearthacht iarratas a dhéanamh ar bhearta eatramhacha.

(33) Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfaidh an tÚdarás Sláine imeacht PPAB a thionscnamh agus go bhforáiltear leis na rialacha is infheidhme go mbeidh fad na n-imeachtaí sin teoranta do suas le 25 lá le heisceacht shonrach theoranta amháin[16]. Féadfaidh an tÚdarás Sláine athbhreithniú ar chinneadh PPAB a iarraidh ag an gcúirt inniúil díreach tar éis fhoirceannadh a nós imeachta athbhreithnithe. Mar sin féin, níl roinnt gnéithe tábhachtacha curtha in iúl go soiléir san Acht um Údarás Sláine: an fionraí is gá ar an nós imeachta soláthair phoiblí fad is atá nós imeachta PPAB ar siúl agus an fhéidearthacht athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh má théann an teorainn ama le haghaidh cinneadh ó PPAB in éag gan ceann a bheith glactha. Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil sé de rogha ag an Údarás Sláine cúirteanna a urghabháil go díreach, rud a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtaí i gcásanna áirithe. Dá bhrí sin, tá amhras ann faoi éifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar chásanna nach leanann an t-údarás conarthach moladh an Údaráis Sláine iontu.

(34) Rud tábhachtach, a mhéid a bhaineann le cumhachtaí an Údaráis Sláine i ndáil le dearbhuithe sócmhainní a fhíorú, atá sna leasuithe atá le glacadh an 6 Nollaig 2022, le Roinn 5, míreanna (6), (6a) agus (7), leagtar síos córas trína ndéantar an méid seo a leanas:

(i) i gcás dearbhuithe sócmhainní poiblí de chuid daoine áirithe[17], bheadh an tÚdarás Sláine i dteideal 'nós imeachta scrúdúcháin um dhearbhú sócmhainní' a dhéanamh, ar nós imeachta neamhshonraithe é. Ar bhonn an toraidh sin, d'fhéadfadh an tÚdarás tús a chur leis an nós imeachta a bhaineann leis an dearbhú sócmhainní os comhair an chomhlachta ábhartha, ar comhlacht é ar cheart dó an tÚdarás Sláine a chur ar an eolas faoi thorthaí an nós imeachta sin;

(ii) i gcás dearbhuithe sócmhainní poiblí de chuid daoine aonair eile[18], ní bheadh an tÚdarás Sláine i dteideal an nós imeachta fíorúcháin a bhaineann leis na dearbhuithe sócmhainní a thionscnamh ach amháin os comhair an chomhlachta ábhartha a bhfuil sé

---

16 Leagtar síos na teorainneacha ama do PPAB chun cinneadh a dhéanamh i Roinn 164 d'Acht CXLIII de 2015 maidir le Soláthar Poiblí, mar seo a leanas: (1) Nuair nach dtionólfar éisteacht sa chás, beidh sé de cheangal ar PPAB an cás a chríochnú laistigh de 15 lá ó sheoladh an imeachta, ach amháin sa chás a shonraítear i mír 2.
(2) Má thionól PPAB éisteacht sa chás, beidh sé de cheangal air an cás a chríochnú laistigh de 25 lá ó sheoladh an imeachta, ach amháin sa chás a shonraítear i mír 3.
(3) Tabharfaidh PPAB i gcrích an cás maidir le leasú nó feidhmíocht a sháraíonn an tAcht seo den chonradh arna thabhairt i gcrích ar bhonn an nós imeachta soláthair agus a bhaineann le seachaint an nós imeachta soláthair laistigh de 60 lá ó sheoladh an nós imeachta.
(5) Féadfar síneadh suas le 10 lá a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, tráth amháin, i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo. Ní mór fógra a thabhairt do na páirtithe.
(7) Cuirfear tús leis an teorainn ama do shocrú mhíreanna 1-3 ón lá a raibh na doiciméid uile ar fáil (má iarradh iad).

17 E.g. uachtarán agus leas-uachtarán Údarás Iomaíochta na hUngáire, comhalta den Chomhairle Iomaíochta, uachtarán agus leas-uachtarán na hOifige Iniúchóireachta Stáit, uachtarán, leas-uachtarán agus comhalta den Chomhairle faoin Údarás Soláthair Phoiblí, duine a bhfuil feidhm pholaitiúil shinsearach aige nach bhfuil sainordú aige mar chomhalta den Tionól Náisiúnta (i.e. Príomh-Aire, airí, stiúrthóirí polaitiúla an Phríomh-Aire, rúnaithe stáit).

18 E.g. Uachtarán na Poblachta, comhaltaí den Tionól Náisiúnta, breithiúna.

de chúram air iad a fhíorú, agus ba cheart don chomhlacht sin torthaí an nós imeachta sin a chur in iúl don Údarás Sláine; agus

(iii) i gcás dearbhuithe sócmhainní (neamhphoiblí) de chuid daoine aonair a bhfuil sé d'oibleagáid orthu dearbhuithe sócmhainní a dhéanamh bunaithe ar a gcumhachtaí comhairleacha, cinnteoireachta nó rialaithe i ndáil le cistí an Aontais, bheadh an tÚdarás Sláine in ann nós imeachta fíorúcháin a thionscnamh os comhair an chomhlachta ábhartha agus chuirfí ar an eolas é faoi thoradh an nós imeachta agus faoi imscrúdú ar shaibhriú sócmhainní a thionscnamh.

(35) Mar a mhínigh seirbhísí an Choimisiúin d'údaráis na hUngáire ina mbarúlacha an 18 Samhain 2022, níl córas den sórt sin go hiomlán i gcomhréir leis an mbeart feabhais, lenar gheall Rialtas na hUngáire inniúlachtaí a bhaineann le fíorú na ndearbhuithe sócmhainní a aistriú chuig an Údarás Sláine, ar dearbhuithe sócmhainní iad a comhdaíodh faoi Roinn 183 d'Acht CXXV de 2018 (i.e. ceannairí polaitiúla sinsearacha nach bhfuil sainordú acu mar chomhaltaí den Tionól Náisiúnta: Príomh-Aire, airí, stiúrthóirí polaitiúla an Phríomh-Aire, rúnaithe stáit). Faoin ngealltanas sin, ba cheart gurbh é an tÚdarás Sláine an t-aon chomhlacht a mbeadh sé de chumhacht aige dearbhuithe sócmhainní den sórt sin a fhíorú go díreach. Thairis sin, dealraíonn sé freisin nach gcomhlíonann an córas sin an gealltanas breise a leagadh síos i Litir Mheán Fómhair, lena mbeidh sé de chumhacht ag an Údarás Sláine dearbhuithe sócmhainní poiblí na n-oifigeach ardriosca uile a fhíorú agus rochtain a bheith aige ar bhunachair sonraí agus ar chlárlanna ábhartha chun críche fírinneacht na faisnéise atá sna dearbhuithe a fhíorú. Leis an gcóras sin, déantar cumhachtaí an Údaráis Sláine a theorannú don cheart chun iarraidh ar chomhlachtaí eile na dearbhuithe sócmhainní a fhíorú agus faisnéis a fháil faoi thorthaí na bhfíoruithe sin. Thairis sin, maidir le raon feidhme pearsanta na ndaoine aonair a bhfuil an tÚdarás Sláine inniúil ina leith, ní áirítear gach oifigeach a thiocfadh faoi choincheap na n-oifigeach 'ardriosca'[19]. Tá an nós imeachta chun dearbhuithe sócmhainní neamhphoiblí a fhíorú teoranta do dhaoine aonair a bhfuil sé de chúram orthu comhairle a thabhairt maidir le cistí an Aontais, nó iad a bhainistiú nó a rialú, cé nach bhforáiltear don teorannú sin sna gealltanais arna nglacadh ag Rialtas na hUngáire[20].

(36) A mhéid a bhaineann leis an nós imeachta chun comhaltaí de bhord an Údaráis Sláine a bhriseadh as a bpost, tugann an Coimisiún dá aire go dearfach gur chomhaontaigh an Ungáir a nós imeachta um dhífhostú a moladh ar dtús a aisiompú chun inniúlacht maidir leis an gcinneadh ar an dífhostú a thabhairt do chúirt. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil an nós imeachta gearr, agus nach bhfuil ann ach tríocha lá idir an t-iarratas agus an cinneadh breithiúnach ag an gcéadchéim. Leis an teorainn ama sin, bheadh sé deacair don chomhalta den bhord lena mbaineann nós imeachta um dhífhostú chun a chosaint nó a cosaint a eagrú ar bhealach éifeachtach, agus don chúirt inniúil malartú pléadálacha a áirithiú, éisteachtaí a reáchtáil agus cearta cosanta agus nós imeachta a chosaint. Ina theannta sin, níl éifeachtaí an achomhairc do phost an chomhalta lena mbaineann, agus go háirithe, cibé an mbeadh nó nach mbeadh éifeacht

[19] Féach fonóta 50 sa Mheabhrán Míniúcháin.

[20] In ainneoin na bhforálacha a dtugtar tuairisc orthu i mír (34) thuas agus in ainneoin bharúlacha sheirbhísí an Choimisiúin a thuairiscítear sa mhír seo, i bhfreagra i scríbhinn an 19 Samhain 2022 chuig an gCoimisiún maidir le barúlacha faoi fhíorú dearbhuithe sócmhainní ag an Údarás Sláine, dheimhnigh Rialtas na hUngáire ar leibhéal an Rúnaí Stáit 'go mbeidh sé de chumhacht ag an Údarás dearbhuithe sócmhainní arna dtíolacadh ag daoine a liostaítear i Roinn 5 (6) a fhíorú go díreach'.

fionraíochta ag achomharc, soiléir san Acht um Údarás Sláine. Ós rud é gur cosúil gurb é an toradh a bhíonn ar an mbreithiúnas céadchéime dífhostú díreach tar éis nós imeachta gearr, is cosúil go bhfuil éifeachtacht an achomhairc teoranta. Leis an gcaoi a n-eagraítear an nós imeachta um dhífhostú ina iomláine, ní chosnaítear comhaltaí an Údaráis Sláine go leordhóthanach ar thionchar míchuí agus tá baol ann go mbainfí an bonn de neamhspleáchas an Údaráis Sláine.

(37) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an creat rialála don Údarás Sláine, mar a leagtar amach é san Acht um Údarás Sláine, na gealltanais a tugadh faoin mbeart feabhais go hiomlán, agus dá bhrí sin ní féidir a mheas go bhfuil an beart feabhais go hiomlán éifeachtach agus leordhóthanach de bhun an Rialacháin maidir le Coinníollacht. Is iad seo a leanas laigí, rioscaí agus easnaimh an bhirt feabhais, a chuireann isteach ar éifeachtacht agus neamhspleáchas an Údaráis Sláine agus ar a chumas aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choimisiúin: (i) easpa rialach soiléire lena sonraítear go gcoinneoidh an tÚdarás Sláine a inniúlacht tar éis tionscadal a tharraingt siar ó mhaoiniú an Aontais; (ii) laigí an chórais le haghaidh athbhreithniú breithiúnach ar chinntí na n-údarás conarthach nach leanann moltaí an Údaráis Sláine; (iii) na laigí a bhaineann leis an nós imeachta um dhífhostú; (iv) cumhachtaí díreacha an Údaráis Sláine, i gcomparáid le cumhachtaí maoirseachta an Údaráis Sláine, i ndáil leis na grúpaí éagsúla dearbhóirí agus an easpa aistrithe inniúlachta chuig an Údarás Sláine chun dearbhuithe sócmhainní de chuid chomhaltaí an rialtais a fhíorú; (v) an raon feidhme teoranta a bhaineann le heaspa cuimsithe gach 'oifigigh ardriosca' i raon feidhme chumhachtaí fíoraithe an Údaráis Sláine i ndáil le dearbhuithe sócmhainní; (vi) taithí idirnáisiúnta theoranta ag iarrthóir ceaptha ar Bhord an Údaráis Sláine a d'fhéadfadh a bheith ina bhaol d'fheidhmiú éifeachtach an chomhlachta.

**ii. Tascfhórsa um Fhrithéilliú**

(38) Gheall Rialtas na hUngáire Tascfhórsa um Fhrithéilliú a bhunú faoin 1 Nollaig 2022 ('Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú') agus na cúraimí seo a leanas air:

(i) scrúdú a dhéanamh ar na bearta frithéillithe atá ann cheana agus tograí a ullmhú maidir le feabhas a chur ar bhrath, imscrúdú, ionchúiseamh agus smachtbhannaí ar chleachtais éillitheacha;

(ii) bearta a mholadh a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar éilliú a chosc agus a bhrath;

(iii) tuarascáil bhliantúil a dhréachtú ina ndéanfar anailís ar na rioscaí agus ar na treochtaí a bhaineann le héilliú agus le cleachtais éillitheacha, lena molfar frithbhearta éifeachtacha agus na cleachtais is fearr chun iad a chur chun feidhme go héifeachtach agus lena ndéanfar measúnú ar a gcur chun feidhme.

(39) Bheadh creat rialála an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú san áireamh san Acht lena mbunaítear an tÚdarás Sláine (féach beart feabhais (i.) a thuairiscítear thuas) agus beidh cathaoirleach an Údaráis Sláine ina chathaoirleach ar an Tascfhórsa. Bhain príomhghnéithe eile den bheart feabhais le rannpháirtíocht gníomhaithe neamhrialtasacha atá gníomhach i réimse an fhrithéillithe atá neamhspleách ar an rialtas, ar údaráis phoiblí, ar pháirtithe polaitiúla agus ar leasanna gnó mar aon le hionadaithe rialtais ar bhealach iomlán, struchtúrtha agus éifeachtach. Leis sin, ba cheart paireacht idir gníomhaithe rialtasacha agus gníomhaithe neamhrialtasacha a áirithiú trí líon na

gcomhaltaí agus trí chumhacht vótála. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh sna forálacha maidir le hobair leantach ag Rialtas na hUngáire ar thuarascálacha agus moltaí an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú. Ba cheart don Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú a chéad chruinniú a thionól roimh an 15 Nollaig 2022. Ba cheart dó a chéad tuarascáil don bhliain 2022 a ghlacadh agus a sheoladh chuig an Rialtas faoin 15 Márta 2023.

(40) Ba iad na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme don bheart seo (i) glacadh an Chinnidh ón Rialtas faoin 5 Meán Fómhair 2022 lena n-aisghairtear Cinneadh 1337/2022 ón Rialtas an 15 Iúil 2022 ar ar a bhonn a scoirfí den Tascfhórsa um Fhrithéilliú arna bhunú ag an gCinneadh sin, agus (ii) dréachtghníomh maidir le bunú an Údaráis Sláine a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta faoin 30 Meán Fómhair 2022, ina leagtar amach an creat rialála don Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú.

(41) Rinne an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme.

(42) An 5 Meán Fómhair 2022, d'aisghair Rialtas na hUngáire Cinneadh 1337/2022 ón Rialtas an 15 Iúil 2022 maidir leis an Tascfhórsa um Fhrithéilliú le glacadh Chinneadh 1424/2022 ón Rialtas maidir le cúraimí a bhaineann le húdarás neamhspleách a bhunú a oibríonn chun neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais a chosc, a bhrath agus a cheartú. Leagtar amach sa Chinneadh ón Rialtas sin an gealltanas go mbunóidh an Ungáir Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú faoin 1 Nollaig 2022 ar bhealach lena n-áiritheofar rannpháirtíocht, trí líon na gcomhaltaí agus trí chumhacht vótála, ar bhonn paireachta idir gníomhaithe rialtasacha agus neamhrialtasacha, agus le tacaíocht riaracháin an Údaráis Sláine. Tháinig Cinneadh 1424/2022 ón Rialtas i bhfeidhm an 6 Meán Fómhair 2022.

(43) An 23 Meán Fómhair 2022, chuir Rialtas na hUngáire an dréacht-Acht a raibh sé d'aidhm aige an tÚdarás Sláine a bhunú faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta. An 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Tionól Náisiúnta an tAcht um Údarás Sláine, lenar bunaíodh an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú freisin. Fógraíodh an tAcht um Údarás Sláine an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2022. An 15 Samhain 2022, chuir Rialtas na hUngáire bille leasaitheach faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta maidir leis an Acht um Údarás Sláine, mar chuid den phacáiste seirbhíse. Tar éis an pacáiste seirbhíse a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, fuair an Coimisiún an téacs dlíthiúil athbhreithnithe le Litir mhí na Samhna. Glacadh an tAcht leasaitheach an 22 Samhain 2022 agus léiríonn sé na hathruithe a áirítear sa téacs dlíthiúil a fuair an Coimisiún an 19 Samhain 2022.

(44) Agus an dréacht-Acht sin á ullmhú, thug Rialtas na hUngáire gealltanas dul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, comhairle beartais ECFE a lorg agus na moltaí gaolmhara a chur san áireamh. Chomh maith le dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, chuaigh Rialtas na hUngáire i gcomhairle go héifeachtach le ECFE, chomh maith le Comhairle na hEorpa. Chuir sé an Coimisiún ar an eolas faoin gcaoi ar thug sé aghaidh ar thuairimí na heagraíochta agus/nó ar na moltaí maidir le dréachtú mar a thuairiscítear i mír (24). Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún gur chomhlíon Rialtas na hUngáire na gealltanais ábhartha sa bheart feabhais. Leis an gcomhairliúchán le ECFE agus Comhairle na hEorpa, cuidíodh le feabhas a chur ar an gcreat rialála do bhunú an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú a mhéid a glacadh le roinnt moltaí agus a mhéid a léirítear sa téacs dlíthiúil iad. Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire nár tugadh aghaidh sna téacsanna dlíthiúla ar roinnt ábhar

imní a cuireadh in iúl, e.g. an baol go ndúblófaí an obair atá ann cheana[21], cé gur aithin an Ungáir é, nó an easpa uirlisí chun faisnéis a iarraidh nó a fháil ó institiúidí eile, ar faisnéis í atá riachtanach chun obair an Tascfhórsa a ullmhú.

(45) I gCuid a Dó den Acht um Údarás Sláine déantar cur síos ar an gcreat rialála don Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú. Leagtar amach ann cúraimí an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú (Roinn 50) agus luaitear go sainráite ann cásanna coinbhleachta leasa mar a shainítear iad i bhforálacha ábhartha an Aontais, a chuirfidh an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú san áireamh, i gcomhréir leis an mbeart feabhais. Beidh cathaoirleach an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú ina Uachtarán ar an Údarás Sláine (Roinn 59). Leagtar síos ann freisin an próiseas maidir leis an obair leantach ar thuarascálacha bliantúla agus moltaí an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú, faoina bpléifidh Rialtas na hUngáire an tuarascáil agus na tograí atá san áireamh inti laistigh de dhá mhí. Má chinneann sé gan togra a chur chun feidhme, cuirfidh sé réasúnú mionsonraithe lena chinneadh chuig Cathaoirleach an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú laistigh de mhí amháin (Roinn 52). Tá cur síos san Acht ar chomhdhéanamh (Alt 54) agus ar rialacha vótála (Alt 61) an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú. I gcomhréir leis an mbeart feabhais, is 50 % de chomhaltaí an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú a bheidh i líon na gcomhaltaí neamhrialtasacha, gan an cathaoirleach a áireamh. Mura féidir ionadaíocht 50 % a bhaint amach, déantar cumhachtaí vótála na gcomhaltaí sin a mhodhnú chun 50 % de na vótaí a chaitheamh, agus an cathaoirleach á eisiamh. Roghnófar na comhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht ar ghníomhaithe neamhrialtasacha bunaithe ar phróiseas roghnúcháin oscailte, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach ina mbeidh critéir oibiachtúla a bhaineann le saineolas agus fiúntas. Beidh an Coiste um Incháilitheacht páirteach, dá dtagraítear i mír 11 (Alt 57). Beidh sé i dteideal scáth-tuarascáil a ullmhú a chuirfear ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Tascfhórsa, ar a bhfoilseofaí tuarascáil an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú freisin (Roinn 53). Ar deireadh, leagtar síos i gCuid a Ceathair den Acht go mbunófar an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú faoin 1 Nollaig 2022 agus go dtionólfaidh sé a chéad chruinniú roimh an 15 Nollaig 2022. Déanfaidh an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú a chéad tuarascáil le haghaidh 2022 a ghlacadh agus a sheoladh chuig an Rialtas faoin 15 Márta 2023 (Roinn 77).

(46) Measann an Coimisiún gur ghlac an Ungáir na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme. An creat rialála don Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú mar a leagtar amach é san Acht um Údarás Sláine, comhlíonann sé na gealltanais a leagtar síos leis an mbeart feabhais.

(47) Tugann an Coimisiún dá aire gur seoladh glao oscailte ar iarratais maidir leis na comhaltaí a roghnú a dhéanfaidh ionadaíocht ar ghníomhaithe neamhrialtasacha an Tascfhórsa nua um Fhrithéilliú an 11 Samhain 2022, agus spriocdháta lena gcur isteach an 24 Samhain 2022.

### iii. An Creat Frithéillithe a neartú

(48) Gheall Rialtas na hUngáire straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022 lena sainítear cúraimí na n-eintiteas a bhfuil baint acu le cur chun feidhme aon tacaíochta airgeadais ón Aontas i ndáil le calaois, coinbhleacht leasa agus éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú. Bhí measúnú ar na príomhrioscaí, na

[21] Go sonrach, an tSeirbhís Náisiúnta Cosanta a bhfuil sainordú aici Straitéis an rialtais i gcoinne an éillithe a ullmhú agus í a chur faoi bhráid na hAireachta Gnóthaí Baile agus atá freagrach freisin as córas bainistithe sláine eagraíochtaí riaracháin phoiblí a chomhchuibhiú agus a fhorbairt.

príomhthosca agus na príomhchleachtais chalaoise, coinbhleachta leasa agus éillithe le cuimsiú leis na straitéisí. Gheall Rialtas na hUngáire freisin Straitéis Náisiúnta Frithéillithe (‘NACS’) nua agus Plean Gníomhaíochta nua a ghlacadh faoin 30 Meitheamh 2023. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar neartú an chreata institiúidigh normataigh le haghaidh an chomhraic in aghaidh na móréillitheachta trí thrédhearcacht obair na n-údarás poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar an leibhéal polaitiúil sinsearach. Gheall Rialtas na hUngáire freisin gníomhaíochtaí uile na Straitéise Náisiúnta Frithéillithe le haghaidh na tréimhse 2020-2022 a chur chun feidhme go hiomlán faoin 30 Meitheamh 2023.

(49) Cosúil le bunú an Údaráis Ionracais, tá nádúr cothrománach sistéamach ag an mbeart feabhais sin chun an t-éilliú a chomhrac agus chun an trédhearcacht sa réimse polaitiúil a áirithiú. Tá sé ar cheann de na bearta feabhais lárnacha a mhol an Ungáir sa nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht.

(50) I Litir mhí Mheán Fómhair, thug Rialtas na hUngáire gealltanais bhreise freisin maidir le raon feidhme pearsanta agus ábhartha na ndearbhuithe sócmhainní. I ndáil leis sin, gheall sé dréachtreachtaíocht a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta (le bheith éifeachtach ón 1 Samhain 2022) lena cheart raon feidhme pearsanta an chórais dearbhaithe sócmhainní a leathnú (i) chuig daoine ar cuireadh feidhmeanna polaitiúla sinsearacha de chúram orthu faoi Ranna 183 agus 184 d’Acht CXXV 2018 um riarachán rialtais agus a ngaolta atá ina gcónaí sa teaghlach céanna leis an duine lena mbaineann, agus (ii) chuig comhaltaí den Tionól Náisiúnta agus a ngaolta atá ina gcónaí sa teaghlach céanna leis an duine lena mbaineann. Gheall an Ungáir an raon feidhme ábhartha a leathnú freisin ní hamháin chun ioncam a chur san áireamh ach sócmhainní chomh maith[22].

(51) Ina theannta sin, i Litir mhí Mheán Fómhair, gheall an Ungáir córas dearbhaithe sócmhainní a bhunú faoin 31 Márta 2023 a chomhdaítear go leictreonach i bhformáid dhigiteach, córas a bheidh le stóráil i mbunachar sonraí poiblí a bheidh inchuardaithe gan táille ná gá le clárú. Ar deireadh, chuirfí de chúram ar an Údarás Sláine athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála agus ar fheidhmiú an chórais dearbhaithe sócmhainní araon, lena n-áirítear a raon feidhme agus a phróisis fíorúcháin, rud a chuirfear san áireamh i dtuarascáil athbhreithnithe faoin 31 Nollaig 2023.

(52) Ba iad na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme don bheart seo (i) glacadh na straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe lena sainítear cúraimí na n-eintiteas a bhfuil baint acu le haon tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme faoin 30 Meán Fómhair 2022 agus (ii) an dréachtreachtaíocht a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh maidir le raon feidhme pearsanta agus ábhartha na ndearbhuithe sócmhainní a leathnú, le héifeacht ón 1 Samhain 2022.

(53) Ghlac an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme.

---

[22] I ndáil leis sin, i Litir mhí Mheán Fómhair luaitear áitribh eastáit réadaigh; maoin luachmhar eile (feithiclí, soithí, seandachtaí luachmhara agus saothair ealaíne, etc.); coigiltis i dtaiscí bainc agus in airgead tirim; sócmhainní i stoic, urrúis agus cistí cothromais phríobháidigh; polasaithe árachais saoil; iontaobhais, agus úinéireacht thairbhiúil fiontar.

(54) An 30 Meán Fómhair 2022 ghlac Rialtas na hUngáire an straitéis in aghaidh na calaoise agus an éillithe le haghaidh na clárthréimhse 2021-2027 agus chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta (Cinneadh 1470/2022 ón Rialtas). Leasaíodh an Straitéis ina dhiaidh sin agus glacadh agus foilsíodh leagan nua an 15 Samhain 2022 (Cinneadh 1540/2022 ón Rialtas, 'an Straitéis'). Athainmníodh an straitéis mar 'an Straitéis in aghaidh na calaoise agus an éillithe le haghaidh chistí an Aontais Eorpaigh'. Tá an Straitéis cuimsitheach, toisc go gcumhdaítear léi cur chun feidhme na tacaíochta airgeadais ó bhuiséad an Aontais faoi chlárthréimhsí 2014-2020 agus 2021-2027, go háirithe cistí an Bheartais chomhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Cumhdaítear an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, ach tá níos lú sonraí inti. Sainítear sa Straitéis, go ginearálta, cúraimí na n-eintiteas a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na tacaíochta airgeadais ón Aontas i ndáil le calaois, coinbhleacht leasa agus éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú (caibidil III Anailís ar an staid agus go háirithe 3.2 An timpeallacht institiúideach chun calaois a chomhrac). Áirítear sa Straitéis freisin measúnú ar na príomhrioscaí, na príomhthosca agus na príomhchleachtais chalaoise, coinbhleachta leasa agus éillithe san Ungáir maidir le cistiú ón Aontas (caibidil 3.3 Sonraí maidir le calaois agus éilliú san Ungáir agus 5.1.3 Anailís riosca agus bainistíocht riosca chun calaois a sheachaint). I gCaibidil V den Straitéis, leagtar amach i dtéarmaí ginearálta na bearta atá beartaithe, a liostaítear ar bhealach níos mionsonraithe i bPlean Gníomhaíochta (Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Straitéis). Ceann de na gníomhaíochtaí is ea measúnú riosca bliantúil ar chalaois, coinbhleacht leasa agus éilliú a ullmhú. Eascraíonn roinnt gníomhaíochtaí de chuid an Phlean Gníomhaíochta as gealltanais faoi bhearta ceartaitheacha eile, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis i gcomhthráth le dréachtú NACS faoin 30 Meitheamh 2023. Ullmhóidh agus foilseoidh an Ungáir tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme na Straitéise.

(55) An 27 Meán Fómhair 2022 chuir Rialtas na hUngáire Dréacht-Acht faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta agus é mar aidhm leis raon feidhme pearsanta agus ábhartha an chórais reatha dearbhaithe sócmhainní a leathnú. Agus an Dréacht-Acht sin á ullmhú, chuaigh Rialtas na hUngáire i gcomhairle leis an gCoimisiún, mar a cheanglaítear leis an mbeart feabhais. An 25 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Tionól Náisiúnta Acht XXXI 2022 lena leasaítear Gníomhartha áirithe maidir le dearbhú sócmhainní a bhaineann le húsáid chistí buiséid an Aontais Eorpaigh a rialú, a fógraíodh an 26 Deireadh Fómhair 2022 ('an tAcht um Dhearbhú Sócmhainní'). Tháinig an tAcht um Dhearbhú Sócmhainní i bhfeidhm an 1 Samhain 2022 cé is moite d'eisceachtaí áirithe. An 15 Samhain 2022 chuir Rialtas na hUngáire bille leasaitheach faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta maidir leis an Acht um Dhearbhú Sócmhainní, mar chuid den phacáiste seirbhíse. Tar éis an pacáiste seirbhíse a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, sheol an Ungáir leasuithe ar an téacs dlíthiúil chuig seirbhísí an Choimisiúin an 16 Samhain 2022; cuireadh leagan comhdhlúite den téacs dlíthiúil isteach le litir mhí na Samhna. Tá an measúnú reatha bunaithe ar an dara téacs dlíthiúil, cé nár glacadh é sin go fóill. Beartaíodh an bille leasaitheach a ghlacadh an 6 Nollaig 2022.

(56) I gcomhréir leis an mbeart feabhais, leathnaítear leis an Acht um Dhearbhú Sócmhainní raon feidhme pearsanta na ndearbhuithe sócmhainní chun daoine a bhfuil feidhmeanna polaitiúla sinsearacha de chúram orthu[23] agus comhaltaí den Tionól Náisiúnta, chomh

[23] Faoi Ranna 183 agus 184 d'Acht CXXV 2018 um riarachán rialtais.

maith le gaolta atá ina gcónaí sa teaghlach céanna, a chuimsiú[24]. Leathnaíonn leis an Acht freisin raon feidhme ábhartha na ndearbhuithe sócmhainní chun gach sócmhainn ábhartha a chuimsiú (Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Acht um Dhearbhú Sócmhainní).

(57) Maidir leis an dara ceann acu sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhforáiltear, in Iarscríbhinn I, Cuid A, a ghabhann leis an Acht um Dhearbhú Sócmhainní, maidir le heisceacht a bhaineann leis an eastát réadach a fhorchoimeádtar lena úsáid go heisiach ag an dearbhóir agus ag a chéile nó a céile nó ag comhchónaitheoir agus leanaí atá ina gcónaí sa teaghlach céanna. Soiléirítear in Iarscríbhinn I freisin go bhféadfar, ar an mbonn sin, suas le haon eastát réadach amháin a eisiamh ón oibleagáid maidir le nochtadh agus, dá bhrí sin, nár ghá é a dhearbhú. Is oth leis an gCoimisiún nach mbaineann an eisceacht sin leis an bpríomháit chónaithe amháin, agus go bhféadfaí í a úsáid chun só-eastát réadach a cheilt. Chuir an Ungáir in iúl i nglaonna éagsúla ar leibhéal an Státrúnaí go dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist sin sna téacsanna dlíthiúla ach níor cuireadh é sin chun feidhme go dtí seo. Ina theannta sin, d’ainneoin mínithe a bheith curtha ar fáil lena ndeimhnítear go mbeadh eastát réadach lasmuigh de dhlínse na hUngáire san áireamh sna hoibleagáidí maidir le nochtadh, níor léiríodh foclaíocht iomchuí sa téacs dlíthiúil ábhartha[25]. Is bearnaí iad sin sa chóras dearbhaithe sócmhainní a d’fhéadfadh an bonn a bhaint dá éifeachtacht.

(58) An tráth céanna, tugann an Coimisiún dá aire na dréachtleasuithe ar na gníomhartha ábhartha uile[26] lena gcuirtear i bhfeidhm an oibleagáid dearbhú sócmhainní amhail an 1 Samhain 2022 (seachas an 31 Nollaig 2022) a dhéanamh faoin 31 Eanáir 2023 i gcomhréir leis na forálacha a tugadh isteach leis an Acht um Dhearbhú Sócmhainní. Áiritheofar leis sin go mbeadh feidhm ag na rialacha nua freisin maidir le haon athrú a tharlaíonn idir an 1 Samhain 2022 agus an 31 Nollaig 2022. Mar sin féin, ní thugtar soiléireacht ná deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach leis an téacs dlíthiúil ábhartha toisc nach bhforáiltear go sainráite ann go gcumhdófar an tréimhse ó mhí na Samhna go mí na Nollag 2022 le dearbhuithe sócmhainní atá le déanamh in 2024, dearbhuithe a chumhdódh ansin, ar bhonn eisceachtúil, tréimhse 14 mhí (i.e. ó mhí na Samhna 2022 go mí na Nollag 2023).

(59) Ar deireadh, maidir leis an ngealltanas ó rialtas na hUngáire córas dearbhaithe sócmhainní a bhunú faoin 31 Márta 2023 a chomhdaítear go leictreonach i bhformáid dhigiteach, córas a bheidh le stóráil i mbunachar sonraí poiblí a bheidh inchuardaithe gan táille ná gá le clárú, tugann an Coimisiún dá aire nach léirítear go fóill é sa chreat rialála. De réir na hUngáire, déanfar na rialacha maidir leis an gcóras a fhorbairt agus a

[24] I ndáil leis sin, tugadh isteach leasuithe ábhartha in Acht LVII 1996 um thoirmeasc ar chleachtais mhargaidh éagóracha agus shriantacha, Acht CLXXXV 2010 um sheirbhísí meán agus ollchumarsáid, Acht LXVI 2011 um an Oifig Iniúchóireachta Stáit, Acht CX 2011 um stádas dlíthiúil agus luach saothair Uachtarán na Poblachta, Acht CXI 2011 um an gCoimisinéir um Chearta Bunúsacha, Acht CXII 2011 um an gceart chun féinchinntiúcháin faisnéise agus um shaoráil faisnéise, Acht CLI 2011 um an gCúirt Bhunreachtúil, Acht CLXIV 2011 um stádas dlíthiúil an Phríomh-Ionchúisitheora, ionchúisitheoirí agus fostaithe eile de chuid na seirbhíse ionchúisimh agus gairm an ionchúisitheora, Acht CXCIV 2011 um chobhsaíocht eacnamaíoch na hUngáire, Acht XXXVI 2012 um an Tionól Náisiúnta, Acht XXXVI 2013 um nós imeachta toghcháin, Acht CXXXIX 2013 um Banc Náisiúnta na hUngáire, Acht CCXLI 2013 um an gCoiste Cuimhneacháin Náisiúnta, Acht CXLIII 2015 um sholáthar poiblí, agus Acht CXXV 2018 um riarachán rialtais.

[25] Tá sé sin ag teacht freisin le forálacha an Achta um Údarás Sláine, ina sonraítear gur féidir leis an Údarás comhaontuithe a dhéanamh le heintitis eachtracha chun faisnéis a fháil dá chúraimí fíoraithe.

[26] Féach na hAchtanna faoi fhonóta 24.

ghlacadh tráth níos déanaí, faoin 31 Márta 2023. Is oth leis an gCoimisiún nár áiríodh tagairt shainráite don bhunachar sonraí poiblí sin san Acht um Dhearbhú Sócmhainní ón Ungáir. D'fhéadfadh na heasnaimh sin an bonn a bhaint d'éifeachtacht an chórais dearbhaithe sócmhainní freisin.

(60) A mhéid a bhaineann le córas smachtbhannaí a thabhairt isteach le haghaidh sáruithe ar oibleagáidí dearbhaithe sócmhainní, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraítear sa Straitéis in aghaidh na calaoise agus an éillithe le haghaidh chistí an Aontais Eorpaigh (a glacadh de réir Chinneadh 1540/2022 ón Rialtas) dá dtagraítear i mír (54) thuas don ghealltanas sonrach bearta nithiúla a leagan amach sa Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis an NACS nua tar éis 2022 chun córas éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla a fhorbairt i ndáil le dearbhuithe sócmhainní, faoin 1 Deireadh Fómhair 2023 ar a dhéanaí, i gcomhréir leis an mbeart feabhais.

(61) An 23 Meán Fómhair 2022 chuir Rialtas na hUngáire an Dréacht-Acht arb é ab aidhm dó an tÚdarás Sláine a bhunú faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta. An 4 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Tionól Náisiúnta an tAcht um Údarás Sláine, a fógraíodh an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus a tháinig i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2022 (féach beart feabhais (i) a dtugtar tuairisc air thuas). I gcomhréir leis an mbeart feabhais, bunaíodh le Roinn 75 den Acht um Údarás Sláine nach mór don Údarás Sláine tuarascáil *ad hoc* a ullmhú faoin 31 Nollaig 2023, ina ndéanfaí suirbhé ar chreat rialála agus ar oibriú chóras dearbhaithe sócmhainní na hUngáire, lena n-áirítear a raon feidhme agus a phróiseas rialaithe.

(62) A mhéid a bhaineann leis na straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe, measann an Coimisiún gur ghlac an Ungáir na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme, d'ainneoin gur glacadh straitéis athbhreithnithe leis an gCinneadh ón Rialtas an 15 Samhain 2022 in ionad an sprioc-ama a socraíodh an 30 Meán Fómhair 2022. Measann an Coimisiún go gcomhlíonann an Straitéis na gealltanais a leagtar síos leis an mbeart feabhais. Maidir leis an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann leis an Straitéis Náisiúnta Frithéillithe a bheidh ann amach anseo tar éis 2022, lena bhforálfar maidir le cur chun feidhme an ghealltanais bearta nithiúla a leagan amach chun tacar smachtbhannaí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorbairt, forchoimeádann an Coimisiún an ceart a thrasuí agus a chur chun feidhme a mheasúnú in 2023 agus ina dhiaidh sin. Sa chomhthéacs sin, chomhaontaigh an Ungáir dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an Dréachtstraitéis Náisiúnta Frithéillithe faoin 31 Eanáir 2023. Meabhraíonn an Coimisiún freisin an gealltanas ó Rialtas na hUngáire tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na mbeart feabhais uile ar bhonn ráithiúil, mar a tugadh faoi deara i mír (17).

(63) Maidir le dearbhuithe sócmhainní, measann an Coimisiún, i dtaobh an chreata rialála maidir leis na dearbhuithe sin mar a leagtar amach san Acht um Dhearbhú Sócmhainní le bheith i bhfeidhm ón 1 Samhain 2022, nach gcomhlíontar go hiomlán na gealltanais maidir leis an gcóras dearbhaithe sócmhainní mar a leagtar amach i Litir mhí Mheán Fómhair, ós rud é go bhfágtar amach ón gcreat catagóir thábhachtach sócmhainní, mar a luaitear i mír (57). Measann an Coimisiún gur lúb éalaithe sa dlí iad na saincheisteanna a ardaítear sa mhír sin agus go bhféadfadh siad an bonn a bhaint d'éifeachtacht an bhirt feabhais.

(64) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach n-áirithíonn na téacsanna dlíthiúla ábhartha leordhóthanacht an bhirt feabhais go hiomlán, i bhfianaise na laigí, na rioscaí agus na n-easnamh a luaitear i míreanna (57) go (59) thuas.

### iv. Trédhearcacht a áirithiú maidir leis an úsáid a bhaineann fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí as tacaíocht ón Aontas

(65) Gheall Rialtas na hUngáire gníomh leasaitheach a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022 chun cur i bhfeidhm ginearálaithe rialacha soláthair phoiblí a áirithiú maidir le fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní poiblí a dhéanann gníomhaíocht leasa phoiblí agus maidir le daoine dlítheanacha a bhunaíonn siad agus a choinníonn siad ar bun. Gheall sé freisin gníomh leasaitheach a ghlacadh faoin dáta céanna chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán Airteagal 61 den Rialachán Airgeadais[27], chomh maith leis na treoracha agus an cleachtas a ailíniú le Fógra Treorach an Choimisiúin maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú faoin Rialachán Airgeadais[28]. D'fheabhsódh agus shoiléireodh sé sin rialacha ginearálta coinbhleachta leasa a bhaineann le fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí agus le comhaltaí a mbord.

(66) Ba é an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme don bheart seo an dá acht leasaitheacha a luaitear sa mhír roimhe a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(67) Ghlac an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar an bPríomhchéim Cur Chun Feidhme.

(68) An 4 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Tionól Náisiúnta Acht XXIX 2022 lena leasaítear Achtanna áirithe a bhaineann le fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann dualgas poiblí, an Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim agus seiceálacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise i ndáil le húsáid chistí buiséid an Aontais Eorpaigh a rialú. Fógraíodh an tAcht sin an 10 Deireadh Fómhair 2022. Tháinig forálacha an Achta a bhaineann le fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann dualgas poiblí i bhfeidhm an 13 Deireadh Fómhair 2022.

(69) I gcomhréir leis an mbeart feabhais, tugadh isteach le hAcht XXIX 2022 leasuithe ar Acht CXLIII 2015 um sholáthar poiblí agus ar Acht IX 2021 um fhondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann dualgas poiblí. I Roinn 5 d'Acht CXLIII 2015 um sholáthar poiblí, cuireadh pointe nua (f) le mír (1) ina sonraítear go bhfuil fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann dualgas poiblí agus daoine dlítheanacha a bhunaíonn siad nó a choinníonn siad ar bun faoi réir na hoibleagáide nósanna imeachta um sholáthar a dhéanamh i gcomhréir leis an Acht thuasluaite. Modhnaíodh mír (3) de Roinn 15 d'Acht IX 2021 freisin um fhondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann dualgas poiblí, agus leis an modhnú sin bunaíodh rialacha coinbhleachta leasa. Áirítear sa mhír seo anois tagairt shainráite do theaghlaigh, don saol mothúchánach, do chleamhnacht pholaitiúil nó náisiúnta nó d'aon leas pearsanta díreach nó indíreach eile le haghaidh fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann dualgas poiblí agus

---

27 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

28 IO C 121, 9.4.2021, lch. 1.

daoine dlítheanacha a bhunaíonn siad nó a choinníonn siad ar bun, lena n-áirítear cathaoirligh agus comhaltaí an bhoird agus an bhoird maoirseachta, chomh maith lena bhfostaithe. Thairis sin, leasaíodh leis an Acht forálacha i bpíosaí eile reachtaíochta[29] i gcomhréir leis an modhnú i Roinn 15 (3) d’Acht IX 2021.

(70) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, nach ndearnadh oifigigh ardleibhéil, lena n-áirítear feidhmeannaigh shinsearacha pholaitiúla ón Tionól Náisiúnta agus ó chomhlachtaí uathrialacha na hUngáire, a eisiamh ó shuí ar bhoird fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí, mar a iarradh le linn na malartuithe leis an Ungáir. Ina ionad sin, ón togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2022, agus d’ainneoin gur tharraing an Coimisiún an imní sin anuas go comhsheasmhach ina thuarascálacha bliantúla maidir leis an Smacht Reachta, thug an Ungáir isteach an athuair ón 1 Samhain 2022 an fhéidearthacht (trí bhíthin eisceacht[30] ón toirmeasc ginearálta[31]) d’fheidhmeannaigh shinsearacha pholaitiúla fostaíocht eile ar phá a bheith acu. Cruthaítear leis an eisceacht sin staid ina bhféadfaidh feidhmeannaigh shinsearacha pholaitiúla a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht maidir le cistí poiblí a eisíoc le heintitis, ar eintitis iad ina bhfuil siad féin fostaithe agus ina bhfuil príomhchumhachtaí cinnteoireachta acu[32]. Dá thoradh sin, cé gur thug an Ungáir aghaidh ar na hábhair imní a ardaíodh sa togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme an 18 Meán Fómhair 2022, fágtar nach leordhóthanach mar sin féin cur chun feidhme an bhirt feabhais mar gheall ar an eisceacht a tugadh isteach an 1 Samhain 2022.

### v. Nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistíocht maoine poiblí

(71) Tá Rialtas na hUngáire tiomanta don Chód um Nós Imeachta Coiriúil a leasú d’fhonn nós imeachta nua a bhunú um chionta coiriúla speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó bainistíocht soláthair phoiblí. Faoin mbeart feabhais, ní mór foráil a dhéanamh leis an nós imeachta nua maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar chinneadh na seirbhíse ionchúisimh nó an údaráis um imscrúdú tuarascáil ar choir a dhíbhe nó deireadh a chur leis na himeachtaí coiriúla (i.e. imscrúdú coiriúil a dhúnadh gan díotáil) maidir le héilliú agus cleachtais a bhaineann le héilliú mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2) de Threoir (AE) 2017/1371[33] agus i gCaibidil III de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Éillithe. Ní mór don nós imeachta nua an t-údarás a thabhairt do bhreitheamh imscrúdaithe le tús a chur leis na himeachtaí coiriúla nó leanúint ar aghaidh leo. D’fhéadfadh aon duine nádúrtha agus duine dlítheanach, cé is moite d’údaráis phoiblí, tairiscintí a chomhdú faoin nós imeachta, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis freisin le díotáil a chomhdú os comhair cúirte. Gheall Rialtas na hUngáire freisin go n-áiritheodh sé go mbeadh an nós imeachta nua infheidhme ón 1 Eanáir 2023.

---

29 Acht CLXXXIX 2011 um Rialtais Áitiúla san Ungáir (Ranna 6 agus 7), Acht CXCIX 2011 um Sheirbhísigh Phoiblí (Ranna 9 agus 10), Acht XXXVI 2012 um an Tionól Náisiúnta (Roinn 12), Acht CXXV 2018 um riarachán rialtais (Ranna 15, 16 agus 17), Acht CVII 2019 um chomhlachtaí a bhfuil stádas dlíthiúil speisialta acu agus stádas a bhfostaithe (Ranna 18 agus 19).

30 Roinn 182 (3a) d’Acht CXXV 2018 um Riarachán Rialtais.

31 Roinn 182 (1) d’Acht CXXV 2018 um Riarachán Rialtais.

32 Ní comhaltaí *ex officio* iad feidhmeannaigh pholaitiúla shinsearacha ach suíonn siad ar na boird iontaobhaithe ina gcáil phearsanta; cé gur eintitis phríobháideacha iad fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí nach bhfuil aon smacht ag an stát orthu.

33 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, IO L 198, 28.7.2017, lch. 29.

Gheall sé poist thiomnaithe bhreise a leithdháileadh faoin 31 Nollaig 2022 ar an gcúirt atá freagrach as an athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh na seirbhíse ionchúisimh nó ar an údarás um imscrúdú chun tuarascáil ar choir a dhíbhe nó deireadh a chur leis na himeachtaí coiriúla.

(72) Áiríodh i Litir mhí Mheán Fómhair an gealltanas go sainaithneofaí Príomh-Chúirt Dúiche Buda san Acht um Athbhreithniú Breithiúnach mar an chúirt a bhfuil dlínse eisiach aici ar chríoch na hUngáire chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí den sórt sin agus ordú a thabhairt tús a chur le himeachtaí coiriúla nó leanúint leo. Dheimhnigh sí freisin gur cheart do gach cúirt san Ungáir, lena n-áirítear breithiúna imscrúdaithe i gcomhthéacs an nós imeachta faoin mbeart feabhais seo, ceanglais an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta a chomhlíonadh, ar ceanglais iad atá bunaithe le dlí i gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’) agus le *acquis* ábhartha an Aontais.

(73) Is beart cothrománach é an beart feabhais seo arb é is aidhm dó fadhbanna struchtúracha le héifeachtacht na gníomhaíochta ionchúisimh san Ungáir a leigheas agus a áirithiú go ndéanfar bearta éifeachtacha díspreagthacha chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 325 CFAE.

(74) Ba iad na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme don bheart seo (i) bailchríoch a chur ar dhréacht-téacs na rialachán cur chun feidhme (riachtanach chun an nós imeachta athbhreithniúcháin a chur i bhfeidhm) agus a ghlacadh díreach tar éis theacht i bhfeidhm an dlí nua faoin 31 Deireadh Fómhair 2022 agus (ii) teacht i bhfeidhm an dlí nua lena leasaítear an Cód um Nós Imeachta Coiriúil tar éis don Chúirt Bhunreachtúil athbhreithniú *ex ante* (arna thionscnamh ag an Rialtas) a dhéanamh faoin 15 Samhain 2022.

(75) An 3 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Tionól Náisiúnta an chéad leagan den Acht um leasú a dhéanamh ar Acht XC 2017 um an gCód um Nós Imeachta Coiriúil (‘an tAcht um Athbhreithniú Breithiúnach’); tháinig na forálacha sin i bhfeidhm an 15 Samhain 2022. An 14 Samhain 2022 roinn údaráis na hUngáire leagan athbhreithnithe den Acht um Athbhreithniú Breithiúnach le seirbhísí an Choimisiúin; bhí an leagan céanna san acht um an bpacáiste seirbhíse an 15 Samhain 2022 ar sceidealaíodh é a ghlacadh faoin 22 Samhain 2022[34]. Glacadh an tAcht leasaitheach an 22 Samhain 2022 agus léirítear ann na hathruithe a áirítear sa téacs dlíthiúil a fuair an Coimisiún an 14 Samhain 2022. Sa chinneadh maidir leis an athbhreithniú *ex ante* ar an Acht um Athbhreithniú Breithiúnach, chinn Cúirt Bhunreachtúil na hUngáire nach sáraíonn an Gníomh um Athbhreithniú Breithiúnach prionsabal mhonaplacht ionchúisimh na seirbhíse ionchúisimh, mar a leagtar síos in Airteagal 29(1) de Dhlí Bunúsach na hUngáire[35].

(76) An 11 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Ungáir faoi bhráid an Choimisiúin (i) an Dréachtfhoraithne ón Rialtas lena leasaítear Foraithne 100/2018 ón Rialtas (an 8 Meitheamh) lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le himscrúdú agus nós imeachta ullmhúcháin, agus (ii) an Dréachtfhoraithne ón Aire Dlí agus Cirt lena leasaítear Foraithne 12/2018 (an 12 Meitheamh) lena leagtar síos rialacha maidir le

[34] Rinne seirbhísí an Choimisiúin trácht ar an Acht athbhreithnithe um Athbhreithniú Breithiúnach an 16 Samhain 2022, sula bhfuair siad faisnéis agus achtanna an phacáiste seirbhíse ón Ungáir.

[35] Cinneadh I/2252/2022, atá le fáil i mBéarla ag https://hunconcourt.hu/uploads/sites/3/2022/11/sz_i_2252_2022_eng_final.pdf.

gníomhartha áirithe, agus daoine rannpháirteacha, sa nós imeachta coiriúil. Is ionann na dréachtfhoraitheanta sin agus na dréachtrialacháin cur chun feidhme (‘Rialacháin Cur Chun Feidhme’) is gá chun an nós imeachta athbhreithniúcháin a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sna Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme. Le Litir mhí na Samhna chuir Rialtas na hUngáire an dréacht is déanaí de na rialacháin cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin, a bhfuil a dteacht i bhfeidhm beartaithe don 1 Eanáir 2023.

(77) Cuireann an tAcht um Athbhreithniú Breithiúnach formhór na ngeallltanas a mholtar sna bearta feabhais chun feidhme trí bhíthin leasuithe ábhartha a thabhairt isteach ar Acht XC 2017 um an gCód um Nós Imeachta Coiriúil. Go háirithe, baineann an nós imeachta nua leis na cionta coiriúla ábhartha mar a mholtar faoin mbeart feabhais (Roinn 817/A (1)). Ceadaíonn sé do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha tairiscint ar athbhreithniú a chur isteach (Roinn 817/C) agus, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, ceadaítear leis tairiscint ar ionchúiseamh a chomhdú (Roinn 817/H). Beidh dlínse eisiach ag Príomh-Chúirt Dúiche Buda ar an nós imeachta athbhreithniúcháin nua (Roinn 817/E (1)).

(78) Is díol sásaimh don Choimisiún freisin forálacha áirithe a tugadh isteach tar éis don Tionól Náisiúnta an chéad leagan den Acht um Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh, ós rud é go bhfuil sé beartaithe leo cur le héifeachtacht an bhirt feabhais. De réir na bhforálacha sin, féadfaidh an tÚdarás Sláine (féach beart feabhais (i) thuas), a mbeidh, i bprionsabal, eolas domhain aige ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh na gcionta coiriúla a chumhdaítear leis an nós imeachta nua, tairiscint ar athbhreithniú agus ar ath-athbhreithniú a chomhdú freisin (Roinn 817/C (7); Roinn 817/H (3)). Ní fhéadfaidh an tÚdarás Sláine, mar chomhlacht poiblí, tairiscint ar ionchúiseamh a chur isteach, gan dochar do phrionsabal bunreachtúil na hUngáire go bhforchoimeádtar ionchúiseamh poiblí don tseirbhís ionchúisimh[36]. Mar sin féin, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach tairiscint ar ionchúiseamh a chomhdú tar éis tairiscint ar athbhreithniú arna chomhdú ag an Údarás Sláine (Roinn 817/I).

(79) Ina theannta sin, faoin nós imeachta nua tá an fhéidearthacht ann, lena n-áirítear í a bheith ann don Údarás Sláine, tairiscint ar ath-athbhreithniú a chomhdú, i gcás ina gcinneann an tseirbhís ionchúisimh nó an t-údarás um imscrúdú arís tuarascáil ar choir a dhíbhe nó deireadh a chur leis na himeachtaí coiriúla (Roinn 817/H), fiú tar éis na chéad tairisceana ar athbhreithniú. Níl an deis seo ar fáil ach amháin do dhuine a chomhdaigh tairiscint ar athbhreithniú níos luaithe sa chás. Is díol sásaimh don Choimisiún freisin gur baineadh an fhoráil ó Roinn 817/V lena gceadófaí don Ard-Ionchúisitheoir réiteach urghnách a chomhdú in aghaidh cinntí a rinneadh le linn an nós imeachta.

(80) An tráth céanna, níor léiríodh gealltanais eile i gceart san Acht um Athbhreithniú Breithiúnach ná sna rialacháin cur chun feidhme, mar atá:

(i) an gealltanas go soláthrófar, faoin 31 Nollaig 2022, leithdháiltí leordhóthanacha acmhainní daonna, acmhainní bonneagair agus acmhainní eile chun feidhmiú cuí an nós imeachta a áirithiú (lena n-áirítear poist thiomnaithe bhreise do bheirt bhreithiúna ar a laghad agus do bheirt rúnaithe dlí ar a laghad) laistigh de Phríomh-Chúirt Dúiche Buda, agus

[36] Mar sin féin, féadfaidh an tÚdarás Sláine faisnéis maidir le cionta coiriúla atá ábhartha chun tús a chur le himscrúduithe a thuairisciú don tseirbhís ionchúisimh.

(ii) an gealltanas athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an nós imeachta faoin 31 Nollaig 2023, agus, más gá, foráil a dhéanamh maidir le leasuithe ar an gcreat reachtach a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh 2024.

(81) A mhéid a bhaineann leis an gcéad ghealltanas, chuir údaráis na hUngáire in iúl don Choimisiún nach faoi Rialtas na hUngáire atá na bearta sin, ach faoi chomhlacht na mbreithiúna atá i gceannas ar riarachán na gcúirteanna. Níor cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi aon chur chun feidhme nithiúil maidir leis an ngealltanas sin. I gcás an dara gealltanas, níor cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhoráil nithiúil lena leagfaí amach an oibleagáid an t-athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta agus é a leasú más gá. D'fhéadfaí na heilimintí sin a chomhlíonadh go hábhartha fós tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta nua agus, dá bhrí sin, ní dhéanfaidh siad dochar ag an gcéim seo d'éifeachtacht fhéideartha chur chun feidhme an bhirt feabhais. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ar an airdeall maidir leis na saincheisteanna sin agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar an staid bunaithe ar an tuairisciú ráithiúil ón Ungáir dá dtagraítear i mír (17) thuas, nó ar aon fhaisnéis a d'fhéadfadh sé a fháil ar shlí eile. Mura gcomhlíonfar na heilimintí sin amhail ón 1 Eanáir 2023, nuair a bheidh an nós imeachta nua infheidhme, d'fhéadfadh an baol a bheith ann go mbainfí an bonn d'éifeachtacht an nós imeachta.

(82) An tráth céanna, measann an Coimisiún go dtugann forálacha sonracha corrlach lánroghnach isteach sa nós imeachta, rud a d'fhéadfaí a úsáid chun difear a dhéanamh do thoradh an nós imeachta nua tar éis tairiscint ar athbhreithniú (nó ar ath-athbhreithniú) nó ar ionchúiseamh, rud a chuirfeadh éifeachtacht an bhirt feabhais i mbaol.

(83) Go háirithe, ní luaitear go soiléir sna rialacha is infheidhme na hiarmhairtí dlíthiúla don ionchúisitheoir a bhaineann le cinneadh breithiúnach lena gcuirtear a chinneadh i leataobh tar éis tairiscint ar athbhreithniú. Foráiltear le Roinn 817/G (3), 'i gcás imscrúdú a thosóidh nó i gcás go leanfar d'imscrúdú, go leanfaidh an tseirbhís ionchúisimh nó an t-údarás um imscrúdú leis an imeacht, *agus an ráiteas ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh ón gcúirt á chur san áireamh*, agus, i gcás go leanann aon saincheist de bheith neamhbhraite, *go bhféachfar leis na heasnaimh a léirítear ann a leigheas*' (linne an bhéim). Tugtar le fios i bhfoclaíocht na forála go mbeadh corrlach áirithe lánroghnach ann don ionchúisitheoir, nach mbeadh ceangal dlíthiúil air cinneadh a dhéanamh a thiocfadh go hiomlán leis an gcinneadh breithiúnach agus nach mbeadh air ach é a chur san áireamh nó go fiú 'féachaint leis' an neamhdhleathacht a d'aimsigh an chúirt athbhreithnithe a leigheas. Mhol an Coimisiún foclaíocht níos déine faoina mbeadh sé de cheangal ar an ionchúisitheoir cinneadh a dhéanamh 'agus lánurraim á tabhairt d'fhorais an chinnidh ón gcúirt' agus go ndéanfadh sé 'na heasnaimh a léirítear ann a leigheas'. Measann an Coimisiún go lagaíonn an discréid a bhronntar ar an ionchúisitheoir leis an riail is infheidhme éifeachtacht agus, dá bhrí sin, leordhóthanacht an bhirt feabhais sin, ós rud é nach bhfuil aon ráthaíocht ann go ndéanfar cinntí maidir le hathbhreithniú breithiúnach a fhiosrú go cuí trí ghníomhaíocht ionchúisimh cheart.

(84) Thairis sin, maidir leis na cásanna inar féidir tairiscint ar ionchúiseamh a chomhdú, éilíonn an tAcht um Athbhreithniú Breithiúnach scrúdú ar fhoras na tairisceana ar ionchúiseamh (Ranna 817/O agus 817/P) ag an gcúirt trialach i gcúirt iata agus gan fianaise a éisteacht, rud atá sa bhreis ar an réamhscrúdú ar fhorais fhoirmiúla a bunaíodh faoin nós imeachta nua.

(85) Tugann an Coimisiún dá aire nach ann do scrúdú den sórt sin ag an gcúirt trialach ar an bhforas don tairiscint ar ionchúiseamh faoi na rialacha ginearálta (i gcás ina gcomhdaíonn an t-ionchúisitheoir poiblí an bille díotála) ná faoin nós imeachta ionadach um ionchúiseamh príobháideach (i gcás ina gcomhdaíonn an t-íospartach an bille díotála). Is é tuairim an Choimisiúin gurb ionann é agus scagadh substainteach ag an gcúirt trialach lena mbaineann an baol go mbeadh ráiteas ag an gcúirt trialach maidir le fiúntas an cháis sula n-éistfidh sí fianaise. Dá ndéanfaí scagadh den sórt sin, bheadh riosca ann go ndéanfaí rialú ar an bhfiúntas a réamh-mheas nó a chosc, gan an deis a bheith ann fianaise a lorg agus a éisteacht sa chás sin[37]. D'fhéadfadh sé freisin, i gcleachtas, measúnú Bhreithiúna Imscrúdaithe Phríomh-Chúirt Dúiche Buda a aisiompú: má dhéantar imeachtaí a fhoirceannadh arís tar éis don bhreitheamh imscrúdaithe an chéad chinneadh an tuarascáil ar choir a dhíbhe a chur i leataobh nó deireadh a chur leis na himeachtaí agus gan cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe sin a chur san áireamh, d'fhéadfadh sé a bheith d'éifeacht ag an scrúdú a dhéanfaidh an chúirt trialach cinntí an bhreithimh imscrúdaithe a chur i leataobh, gan éisteacht a thabhairt d'aon fhianaise bhreise ón gcúirt trialach. Ar na cúiseanna sin, agus i bhfianaise phríomhról an bhreithimh imscrúdaithe ag an gcéim réamhthrialach, níl gá leis an scagadh breise sin ón gcúirt trialach agus baintear an bonn d'éifeachtacht an bhirt feabhais leis.

(86) Thairis sin, níor leagadh amach go soiléir i bhforáil deiridh an téacs dhlíthiúil a cuireadh ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin raon feidhme *ratione temporis* na rialacha nua sin. Go deimhin, ní leagtar amach go soiléir sa téacs go mbeidh feidhm ag an nós imeachta nua maidir le tuarascálacha ar choir arna gcomhdú tar éis an 1 Eanáir 2023 lena gcumhdaítear coireanna a líomhnaítear a rinneadh roimh an dáta sin freisin, cé is moite de choireanna a bhfuil urchosc ama orthu (féach Roinn 876/C (2)). Ní shoiléirítear sa téacs, go háirithe, nach gcuireann cinneadh lena ndéantar tuarascáil ar choir a dhíbhe nó cinneadh lena bhfoirceanntar na himeachtaí, a glacadh roimh an 1 Eanáir 2023 (maidir le coir líomhnaithe nach bhfuil cosc ama uirthi mar gheall ar reacht na dteorainneacha) deireadh leis an oibleagáid atá ar an údarás um imscrúdú nó ar an tseirbhís ionchúisimh cinneadh nua a ghlacadh faoi Roinn 379 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil[38], ar féidir a bheith faoi réir (a)tairiscint ar athbhreithniú faoin nós imeachta nua. Chomh maith leis sin, ní fhoráiltear sa téacs gur féidir feidhm a bheith ag an nós imeachta nua maidir le tuarascálacha ar choir a comhdaíodh roimh an 1 Eanáir 2023, go dtí go ndéanfaidh an t-údarás um imscrúdú nó an tseirbhís ionchúisimh cinneadh.

(87) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún, maidir leis an gcreat rialála chun nós imeachta sonrach a thabhairt isteach i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistíocht maoine poiblí mar a leagtar amach sna leasuithe ar Acht XC 2017 um an gCód um Nós Imeachta Coiriúil, nach gcomhlíonann sé na gealltanais a leagtar síos leis an mbeart feabhais agus go bhfuil rialacha ann a bhaineann an bonn dá éifeachtacht. Mar a mhínítear sa Mheabhrán Míniúcháin (mír 96), ceanglaíodh ar an Ungáir a cuid gealltanas a shonrú i gceart i rialacha mionsonraithe chun éifeachtacht an bhirt a áirithiú. Leis an mbealach inar shonraigh an Ungáir a gealltanais sa dlí faoi

[37] In aithris (95) den Mheabhrán Míniúcháin, mhaígh an Coimisiún go sainráite go gcuirfeadh an dréacht-dlí de cheangal freisin ar an gcúirt trialach gan cinneadh a dhéanamh go háirithe de bhua fhiúntas na díotála gan di fianaise a mheas.

[38] Scrúdóidh an tseirbhís ionchúisimh nó an t-údarás um imscrúdú, laistigh de 3 lá oibre tar éis an tuarascáil ar choir a fháil, an bhfuil imscrúdú le hordú sa chás, an bhfuil an tuarascáil ar choir le forlíonadh nó le díbhe, nó an bhfuil an cás le haistriú.

láthair, ní cheadaítear don Choimisiún a shuíomh gur féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach leis an mbeart feabhais seo ar na saincheisteanna a bhaineann le himscrúdú neamhéifeachtach, ionchúiseamh neamhéifeachtach agus smachtbhannaí neamhéifeachtacha. Dá bhrí sin, ní leor an beart feabhais mar a cuireadh chun feidhme é chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar thorthaí an Choimisiúin faoin Rialachán maidir le Coinníollacht.

**vi. Sásraí iniúchóireachta agus rialaithe a neartú lena ráthú go mbainfear úsáid fhónta as tacaíocht ón Aontas**

(88) Gheall Rialtas na hUngáire meitheal a bhunú faoin 31 Lúnasa 2022 chun forálacha a chuimsiú i bhForaitheanta ábhartha ón Rialtas maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na forálacha sin na rialacha agus na nósanna imeachta a neartú chun coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhréir leis an sainiú atá in Airteagal 61 den Rialachán Airgeadais. Leis na forálacha sin ba cheart sásra a chuimsiú chun rialú éifeachtach a dhéanamh ar bhailíocht na ndearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na forálacha freisin cur le hacmhainneachtaí nós imeachta na n-údarás bainistíochta, na gcomhlachtaí idirmheánacha agus an údaráis náisiúnta maidir le cur chun feidhme Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hUngáire, chun bainistíocht riosca neartaithe agus cosc, brath agus ceartú calaoise, éillithe agus cistithe dhúbailte a chur i bhfeidhm. Gheall Rialtas na hUngáire freisin Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht Inmheánach agus Sláine ('DIAI') a bhunú a bheadh freagrach as bailíocht dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa agus dearbhuithe maidir le leas a sheiceáil go rialta. Gheall sé na ráthaíochtaí ábhartha a thabhairt don Stiúrthóireacht maidir lena neamhspleáchas (e.g. baill foirne ardleibhéil a ainmniú, fad shainordú an stiúrthóra gan an deis a bheith ann iad a chur as oifig) agus rialacha a bhunú maidir le rialú rialta ar bhailíocht na ndearbhuithe. Gheall Rialtas na hUngáire freisin na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá a chur ar fáil do EUTAF, chun a ráthú go mbainfear úsáid fhónta as tacaíocht ón Aontas, chun a neamhspleáchas a choimirciú agus chun a chur ar a chumas a chúraimí reatha agus na cúraimí breise arna sannadh ag roinnt de na bearta feabhais a chur i gcrích.

(89) Ba iad na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme don bheart seo (i) bunú na meithle faoin 31 Lúnasa 2022, (ii) bunú DIAI in Oifig an Phríomh-Aire faoin 30 Meán Fómhair 2022 agus (iii) leasuithe ar Fhoraitheanta ábhartha ón Rialtas a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(90) Ghlac an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme ábhartha.

(91) I gcomhréir leis an mbeart feabhais, bunaíodh meitheal laistigh den sprioc-am is infheidhme le rannpháirtíocht sheirbhísí Oifig an Phríomh-Aire atá freagrach as úsáid chistí an Aontais agus EUTAF a bhainistiú, a rialú agus a iniúchadh. Tháinig an mheitheal le chéile le seirbhísí an Choimisiúin den chéad uair an 8 Meán Fómhair 2022 agus dhá uair sa tseachtain ar an meán go dtí tús mhí na Samhna 2022.

(92) An 30 Meán Fómhair 2022 ghlac Rialtas na hUngáire:

(i) Foraithne 374/2022 ón Rialtas (an 30 Meán Fómhair) lena leasaítear Foraithne 272/2014 ón Rialtas (an 5 Samhain) maidir leis na Rialacha maidir le Cistí a Úsáid ó

Chistí Áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh sa Chlárthréimhse 2014-2020 agus Foraithne 256/2021 ón Rialtas (an 18 Bealtaine) maidir leis na Rialacha maidir le Cistí a Úsáid ó Chistí Áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh sa Chlárthréimhse 2021-2027, agus

(ii) Foraithne 373/2022 ón Rialtas (an 30 Meán Fómhair) maidir le rialacha cur chur chun feidhme Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hUngáire agus leis na hinstitiúidí atá freagrach as a chur chun feidhme.

Tháinig na foraitheanta i bhfeidhm an lá céanna, cé is moite d'eisceachtaí áirithe go háirithe maidir le forálacha áirithe a bhaineann le dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa.

(93) An 15 Samhain 2022 ghlac Rialtas na hUngáire Foraithne 463/2022 ón Rialtas lena leasaítear Foraitheanta 373/2022, 256/2021 agus 272/2014 ón Rialtas, lenar tugadh ar aghaidh go dtí an 15 Samhain teacht i bhfeidhm na bhforálacha thuasluaite maidir le dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa. Ar deireadh, an 4 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Tionól Náisiúnta Acht XXVIII 2022 um leasú a dhéanamh ar ghníomhartha áirithe a bhaineann le rialú úsáid chistí buiséid an Aontais Eorpaigh, lenar bunaíodh DIAI in eagrú oibre an Aire atá freagrach as úsáid chistí an Aontais Eorpaigh (i.e. Oifig an Phríomh-Aire), agus fógraíodh é an 10 Deireadh Fómhair 2022. Tháinig sé i bhfeidhm an 13 Deireadh Fómhair 2022. An 15 Samhain 2022 chuir Rialtas na hUngáire bille leasaitheach faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta maidir leis an Acht seo, mar chuid den phacáiste seirbhíse. Tar éis an pacáiste seirbhíse a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, sheol údaráis na hUngáire téacs dlíthiúil athbhreithnithe chuig seirbhísí an Choimisiúin mar iarscríbhinn a ghabh le Litir mhí na Samhna. Glacadh an tAcht leasaitheach an 22 Samhain 2022 agus léirítear ann na hathruithe a chuimsítear sa téacs dlíthiúil a fuair an Coimisiún an 19 Samhain. Ceapadh stiúrthóir gníomhach DIAI (le haghaidh na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022) an 30 Meán Fómhair 2022.

(94) I gcomhréir leis an mbeart feabhais, le Foraithne 373/2022 ón Rialtas lena leasaítear Foraithne 374/2022 chomh maith le Foraithne 463/2022 ón Rialtas, tugtar isteach forálacha chun rialacha agus nósanna imeachta a neartú chun coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 61 den Rialachán Airgeadais agus leis an bhFógra Treorach ón gCoimisiún maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú faoin Rialachán Airgeadais[39]. Cumhdaítear leis na forálacha nua coincheap na coinbhleachta leasa a mheastar a bheith ann agus áirithítear leo sásra chun rialú éifeachtach a dhéanamh ar bhailíocht na ndearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa. Leagtar amach sna Foraitheanta ón Rialtas leasaithe go ndéanfaidh baill foirne ábhartha na n-údarás náisiúnta dearbhú ginearálta coinbhleachta leasa agus dearbhú leasanna a chomhdú nuair a bheidh caidreamh dlíthiúil á bhunú acu nó sula gcuirfidh siad tús le gníomhaíocht le gníomhaí de chuid an chórais institiúidigh. Déanfaidh siad dearbhú coinbhleachta leasa a chomhdú freisin sula dtosóidh aon ghníomh nós imeachta[40]. Dearbhóidh faighteoirí deiridh, conraitheoirí,

---

39 Féach Caibidil VI d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas maidir le Coinbhleacht Leasa, Caibidil IV d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas maidir leis na Rialacha maidir le córas institiúideach an bheartais forbartha a fheidhmiú, lena n-áirítear rialacha maidir le coinbhleacht leasa, agus fochaibidil 15 d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas maidir le coinbhleachtaí leasa.

40 Féach Roinn 39 (6) d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Roinn 52/A (1) d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Roinn 34 (1) d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

fochonraitheoirí agus daoine a bhfuil baint acu le hullmhú agus cur chun feidhme tionscadail aon choinbhleacht leasa sna cásanna dá bhforáiltear i bhFógra Treorach an Choimisiúin[41]. Leagtar amach sna forálacha nua go bhfíoróidh DIAI fírinneacht na ndearbhuithe cé is moite de dhearbhuithe arna ndéanamh ag a fhoireann féin agus ag comhaltaí an údaráis iniúchóireachta (a fhíoróidh an tÚdarás Sláine ina ionad sin), ar bhonn samplach, agus bunaithe ar phlean iniúchóireachta 2 bhliain, lena gcumhdófar ar a laghad 5 % de líon na ndaoine a gceanglaítear orthu dearbhú coinbhleachta leasa a thíolacadh gach bliain[42] chomh maith le haon amhras faoi choinbhleacht leasa a thuairiscítear dó. Ón 15 Samhain 2022 i leith tá feidhm ag an oibleagáid atá ar na gníomhaithe uile dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa a chomhdú agus ag an oibleagáid atá ar DIAI seiceálacha a dhéanamh.

(95) Leagtar amach sna Foraitheanta leasaithe go n-áiritheofar maoirseacht rialta agus éifeachtach agus uainíocht rialta ar bhaill foirne i bpoist íogaire, go háirithe iad siúd a dhéileálann le bainistíocht neamhrialtachta, rialú nó measúnú riosca. Déanfar é sin a fhorbairt a thuilleadh le modheolaíocht thiomnaithe[43]. Déanfaidh an Coimisiún obair leantach ar chur chun feidhme an ghealltanais sin sa chleachtas. Thairis sin, i gcomhréir leis an ngealltanas bailiú iomchuí sonraí a áirithiú agus leis an mbeart feabhais maidir le Arachne (féach measúnú níos mionsonraithe thíos), cuimsítear sna Foraitheanta leasaithe forálacha chun tarchur sonraí chuig Arachne a áirithiú agus leagtar amach sna hiarscríbhinní a ghabhann leo na réimsí sonraí ábhartha is gá a tharchur chuig Arachne[44]. Ina theannta sin, tá forálacha sna Foraitheanta leasaithe chun feidhmeanna uile Arachne a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, go córasach agus go forleathan agus na cinntí maidir le cistiú an Aontais á n-ullmhú agus á nglacadh[45].

(96) I Roinn 81 maidir leis an Leasú ar Acht CXLIII 2015 um sholáthar poiblí an Achta um Údarás Sláine, a glacadh an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus a tháinig i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2022, leagtar síos foráil chun cosc a chur ar thairgeoirí páirt a ghlacadh i dtairiscintí i nósanna imeachta soláthair phoiblí má tá siad i staid coinbhleachta leasa is ábhartha don tairiscint shonrach.

(97) I gcomhréir leis an mbeart feabhais, leagtar amach sa reachtaíocht maidir le DIAI ról iomlán neamhspleách DIAI, le ráthaíochtaí ábhartha (e.g. maidir leis an nós imeachta um dhíbhe). Leagtar amach inti freisin a inniúlacht maidir le gníomhaithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme aon chiste i mbuiséad an Aontais (Roinn 29/B (3) d'Acht CXXV 2018 um riarachán rialtais). Thairis sin, leagtar amach go soiléir sa reachtaíocht ábhartha go ndéanfaidh an stiúrthóir na cúraimí gan aon chur isteach ó aon institiúid, comhlacht, páirtí polaitiúil, eintiteas eacnamaíoch, comhlachas nó duine dlítheanach nó fisiciúil eile (Roinn 29/B (5)). Roghnófar fostaithe DIAI ar bhonn sraith oibiachtúil critéar a cheadóidh an tÚdarás Sláine. Déanfaidh an tÚdarás rialú freisin ar phróiseas

41 Féach Roinn 39 (8) d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Roinn 52/A (6) d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Roinn 34 (6) d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

42 Féach Roinn 39 (7) d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Roinn 52/A (2) d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Roinn 34 (2) d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

43 Féach Roinn 8 (3) 13 d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Roinn 7 (1) (m) d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Roinn 5 21 d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

44 Féach Roinn 22 (1) 22 d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Roinn 19 (2) (c) d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Roinn 9 (1) (i) d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

45 Féach Roinn 10 (2) 9 d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas agus Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis, Roinn 13 (1) (h) d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis agus Roinn 5 23 d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas agus Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis.

earcaíochta oifigigh rialtais agus fhostaithe na Stiúrthóireachta (Roinn 29/B (6)). Thairis sin, rialóidh an tÚdarás Sláine feidhmiú na Stiúrthóireachta, chomh maith le comhlíonadh na rialacha nós imeachta agus na dtreoirlínte (Roinn 29/B (9)). Beidh inniúlacht ag an Údarás dearbhuithe coinbhleachta leasa agus dearbhuithe leasa de chuid stiúrthóir DIAI agus dá chuid fostaithe a fhíorú (Roinn 29/B (9c)). I gcás saincheisteanna tromchúiseacha nó athfhillteacha maidir le comhlíontacht, beidh an tÚdarás Sláine in ann iniúchadh a dhéanamh ar DIAI (Roinn 29/B (9)). Tá sé d'oibleagáid ar DIAI de réir dlí rochtain iomlán a sholáthar don Údarás Sláine, arna iarraidh sin dó, ar aon dearbhú coinbhleachta leasa agus aon dearbhú leasa a láimhseálann an Stiúrthóireacht. Ba cheart do DIAI na doiciméid uile atá á mbainistiú ag an Stiúrthóireacht agus atá riachtanach chun cumhachtaí an Údaráis a fheidhmiú a sholáthar freisin (Roinn 29/B (9b) b)). Cuirfidh an Stiúrthóireacht tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Údaráis Sláine ina dtabharfar eolas faoina gníomhaíochtaí agus go háirithe faoi thorthaí na seiceálacha a rinneadh, faoi na bearta a rinneadh, faoi líon na dtuarascálacha a fuarthas agus faoi na cásanna a imscrúdaíodh (Roinn 29/B (10)). Ar deireadh, is díol sásaimh don Choimisiún gur chomhaontaigh an Ungáir[46] nach gceanglófaí ar an Údarás Sláine rún an dearbhóra a chruthú i gcás dearbhuithe bréagacha nó dearbhuithe a líonadh amach go mícheart. Deimhníodh an méid sin i leasuithe a glacadh mar chuid den phacáiste seirbhíse an 22 Samhain 2022.

(98) An 15 Samhain 2022 chuir Rialtas na hUngáire bille faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta maidir leis an athrú ar stádas EUTAF, mar chuid den phacáiste seirbhíse. Glacadh an bille an 22 Samhain 2022. Déanfar EUTAF a chlaochlú óna stádas reatha mar eagraíocht lárnach bhuiséadach a oibríonn faoi údarás an Aire atá freagrach as airgeadas poiblí go horgán uathrialaitheach riaracháin stáit ón 1 Eanáir 2023 (Roinn 1 (1) agus Roinn 35 (1)). Beidh ceannteideal ar leith ag EUTAF i struchtúr an bhuiséid lárnaigh. Tíolacfaidh sé an togra dá bhuiséad agus tarchuirfidh an Rialtas gan athrú é chuig an Tionól Náisiúnta mar chuid den togra reachtach maidir leis an mbuiséad lárnach agus a chur chun feidhme. Ní fhéadfar a bhuiséad a mhodhnú ach amháin le toiliú na hArd-Stiúrthóireachta má tá údar cuí agus poiblí leis an modhnú agus más rud é nach gcuireann sé comhlíonadh éifeachtach tráthúil chúraimí na hArd-Stiúrthóireachta (Roinn 2) i mbaol. Beidh luach saothair an Ard-Stiúrthóra agus an Leas-Ard-Stiúrthóra cothrom le 8.4 oiread an mheán-olltuillimh mhíosúil sa gheilleagar náisiúnta agus 7.4 oiread an mheán-olltuillimh mhíosúil sa gheilleagar náisiúnta faoi seach (Roinn 30). Cinnfidh an tArd-Stiúrthóir prionsabail bheartas luacha saothair na hArd-Stiúrthóireachta agus na sochair neamhphá (Roinn 31). Coinneofar neamhspleáchas feidhmiúil agus gairmiúil EUTAF ar bun. Ní lorgóidh foireann EUTAF treoracha maidir lena cuid oibre iniúchóireachta ná ní ghlacfaidh sí leo. Is díol sásaimh don Choimisiún na hathruithe thuas ar an gcreat rialála lena rialaítear EUTAF, lena gcuirtear chun feidhme go héifeachtach an gealltanas a thíolaic an Ungáir i Litir mhí Mheán Fómhair.

(99) Measann an Coimisiún gur ghlac an Ungáir na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme agus go gcomhlíonann na téacsanna reachtacha ábhartha na gealltanais a leagtar síos leis an mbeart feabhais.

[46] Trí bhíthin ríomhphost a chur an 18 Samhain 2022.

### vii. Laghdú a chur ar sciar na nósanna imeachta tairisceana ina bhfuil tairiscintí aonair a mhaoinítear ó chistí an Aontais

(100) Gheall Rialtas na hUngáire go laghdófaí an sciar de nósanna imeachta tairisceana a mhaoinítear ó chistí an Aontais agus a dúnadh sa bhliain 2022 le tairiscintí aonair faoi bhun 15 %, arna thomhas le modheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh, faoin 31 Nollaig 2022. Gheall sí an sprioc sin a bhaint amach gan choinníoll agus í a choinneáil ar bun gan teorainn ama. Gheall Rialtas na hUngáire freisin bearta breise a dhéanamh laistigh de 4 mhí i gcás inar mó sciar na dtairiscintí aonair ná 15 % in aon bhliain féilire ar leith, chun laghdú na soláthairtí tairisceana aonair a éascú agus chun iad a thabhairt ar ais faoi bhun na tairsí de 15 %. I gcás den sórt, gheall Rialtas na hUngáire go gcuirfeadh sé an tÚdarás Sláine agus an Coimisiún ar an eolas dá réir.

(101) Ba í an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme maidir leis an mbeart sin feidhmiú an chéad iniúchta ag EUTAF ar chomhlíonadh Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh (agus ar sholáthar sonraí aonair leis an gCoimisiún agus go poiblí, más infheidhme) faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(102) An 7 Deireadh Fómhair 2022, rinne údaráis na hUngáire an tuarascáil iniúchóireachta maidir le leordhóthanacht na modheolaíochta tairisceana aonair arna heisiúint ag EUTAF a sheoladh chuig seirbhísí an Choimisiúin. Tar éis barúlacha a fháil ó sheirbhísí an Choimisiúin, leasaigh EUTAF an tuarascáil iniúchóireachta uaidh agus d'eisigh sé tuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach an 3 Samhain 2022. Ba é conclúid an iniúchta go raibh an mhodheolaíocht a úsáideadh leordhóthanach agus i gcomhréir leis an modheolaíocht arna húsáid ag Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh, cé is móite d'eisceacht amháin a chruthaigh EUTAF moladh ina leith. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an obair leantach maidir le moladh EUTAF mar chuid den thuairisciú ó Rialtas na hUngáire i gcomhréir le mír (17) thuas.

(103) Measann an Coimisiún gur ghlac an Ungáir an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme agus go bhfuair an Coimisiún dearbhú leordhóthanach ó thuarascáil iniúchóireachta EUTAF go bhfuil an mhodheolaíocht a úsáideadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a úsáidtear ag Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh, mar a cheanglaítear leis an mbeart feabhais. Tá an measúnú sin gan dochar do bhaint amach na tairsí 15 % a leagtar amach i gcomhréir le mír (100) thuas. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an bhirt feabhais sin mar chuid den tuairisciú ó Rialtas na hUngáire i gcomhréir le mír (17) thuas.

### viii. Laghdú a chur ar sciar na nósanna imeachta tairisceana ina bhfuil tairiscintí aonair a mhaoinítear ón mbuiséad náisiúnta

(104) Ar an gcuma chéanna leis an mbeart feabhais roimhe sin (vii.), gheall Rialtas na hUngáire go laghdófaí i dtrí chéim an sciar de nósanna imeachta tairisceana a mhaoinítear ón mbuiséad náisiúnta agus a dúnadh i mbliain féilire le tairiscintí aonair faoi bhun 15 %, arna thomhas le modheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh, faoin 31 Nollaig 2024. Gheall sí an sprioc sin a bhaint amach gan choinníoll agus í a choinneáil ar bun gan teorainn ama. Gheall Rialtas na hUngáire freisin bearta breise a mholadh laistigh de 4 mhí i gcás inar mó sciar na dtairiscintí aonair ná 15 % in aon bhliain féilire ar leith, chun laghdú na soláthairtí tairisceana aonair a éascú agus chun iad a thabhairt ar ais faoi bhun na tairsí de 15 %. Sa chás sin, gheall Rialtas na hUngáire go gcuirfeadh sé an tÚdarás Sláine agus an Coimisiún ar an eolas dá réir.

(105) I gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin, ní raibh aon Phríomhchéim Cur Chun Feidhme láithreach maidir leis an mbeart feabhais sin. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an bhirt feabhais sin mar chuid den tuairisciú ó Rialtas na hUngáire i gcomhréir le mír (17) thuas.

### ix. Uirlis tuairiscithe tairisceana aonair a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt ar sholáthair phoiblí a dhúntar trí thairiscintí aonair

(106) I dteannta na mbeart feabhais a bhaineann le laghdú nósanna imeachta tairisceana aonair a ndéantar cur síos orthu thuas(vii. agus viii.), gheall Rialtas na hUngáire uirlis faireacháin agus tuairiscithe nua a fhorbairt chun an sciar de nósanna imeachta soláthair a bhfuil tairiscintí aonair a mhaoinítear ó acmhainní náisiúnta nó ó thacaíocht ón Aontas nó ón dá fhoinse sin mar thoradh orthu a thomhas faoin 30 Meán Fómhair 2022. Gheall sí an uirlis a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama. Gheall Rialtas na hUngáire freisin go bhfoilseoidh sí tuarascáil bhliantúil i scríbhinn bunaithe ar an bhfaisnéis a bhailigh an uirlis tuairiscithe tairisceana aonair, a bheidh le hullmhú ag an Aireacht atá freagrach as soláthar poiblí agus a fhoilseofar faoin 15 Feabhra gach bliain ar shuíomh an Chórais Soláthair Phoiblí Leictreonaigh (EPS).

(107) Ba iad na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme maidir leis an mbeart sin (i) forbairt uirlise faireacháin agus tuairiscithe nua bunaithe ar shonraí a fuarthas ó EPS faoin 30 Meán Fómhair 2022 agus (ii) deimhniú ón Ard-Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht ar Chistí Eorpacha (EUTAF) go mbeadh an uirlis lánfheidhmiúil agus oibríochtúil faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(108) An 7 Deireadh Fómhair 2022, rinne údaráis na hUngáire an tuarascáil iniúchóireachta dtaca leis an uirlis faireacháin agus tuairiscithe maidir le soláthair phoiblí tairisceana aonair arna n-eisiúint ag EUTAF a sheoladh chuig an gCoimisiún. Tar éis barúlacha a fháil ó sheirbhísí an Choimisiúin, d’eisigh EUTAF tuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach an 3 Samhain 2022. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil uirlis tuairiscithe tairisceana aonair i bhfeidhm, go bhfuil sí oibríochtúil, feidhmiúil agus in ann faireachán a dhéanamh ar chóimheas nósanna imeachta soláthair phoiblí tairisceana aonair. Léirítear sa tuarascáil go bhféadfaí comhsheasmhacht le sonraí EPS a bhunú i bprionsabal. I gcomhréir leis an mbeart feabhais, déanfar an uirlis tuairiscithe a fhorbairt tuilleadh faoin 31 Nollaig 2022 chun sonraí maidir le tásca geografacha a áireamh. Foilseofar an chéad tuarascáil faoin 15 Feabhra 2023.

(109) Measann an Coimisiún gur ghlac an Ungáir na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme ábhartha agus gur forbraíodh uirlis tuairiscithe tairisceana aonair. Deimhníodh a hinoibritheacht agus a feidhmiúlacht le tuarascáil EUTAF, mar a cheanglaítear leis an mbeart feabhais ábhartha. Tá an measúnú sin gan dochar d’fhorbairtí breise agus d’fhoilsiú na chéad tuarascála, rud a thabharfaidh bunús leis an mbeart feabhais sa chleachtas, lena gceanglaítear dáta cur chun feidhme níos faide i gcomhréir leis an mbeart feabhais.

### x. An Córas Soláthair Phoiblí Leictreonach (EPS) a fhorbairt chun trédhearcacht a mhéadú

(110) Gheall Rialtas na hUngáire bunachar sonraí a chruthú agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EPS, ina mbeidh faisnéis maidir le gach fógra faoi dhámhachtain conartha

maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí i bhfoirm struchtúrtha, lena n-áirítear uimhreacha aitheantais cuideachta agus ainmneacha gach ball aonair de na cuibhreannais agus de na fochonraitheoirí. Dhéanfaí an bunachar sonraí sin a nuashonrú go rialta (gach ráithe ar a laghad) agus bheadh sé ar fáil don phobal saor in aisce. Chaithfí é a bheith oiriúnach lena phróiseáil le meaisín, agus go háirithe ní mór taighde struchtúrtha agus ollonnmhairiú sonraí a bhaineann le nósanna imeachta soláthair a cheadú leis. Gheall Rialtas na hUngáire freisin na bearta uile is gá a dhéanamh chun EPS a fhorbairt agus chun a áirithiú go mbeadh na feidhmeanna nuafhorbartha ag feidhmiú go hiomlán faoin 30 Meán Fómhair 2022. Thairis sin, gheall Rialtas na hUngáire EPS agus na feidhmeanna ábhartha a choinneáil ar bun gan choinníoll agus ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama.

(111) Ba í an Phríomhchéim Chur Chun Feidhme maidir leis an mbeart sin inoibritheacht iomlán feidhmeanna nuafhorbartha a áirithiú lena gceadófaí sonraí a chuardach agus a onnmhairiú ar bhealach struchtúrtha in EPS, i bhformáid is féidir a phróiseáil le meaisín, faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(112) An 7 Deireadh Fómhair 2022, chuir údaráis na hUngáire seirbhísí an Choimisiúin ar an eolas gur cuireadh i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2022 feidhm nua EPS lena gceadaítear cuardach agus onnmhairiú struchtúrtha a dhéanamh ar shonraí maidir le fógra faoi dhámhachtain conartha in EPS i bhformáid is féidir a phróiseáil le meaisín, agus go bhfuil sí ar fáil go poiblí ag https://ekr.gov.hu/portal/kozbeszerzes/eredmeny-tajekoztato-hirdetmenyek.

(113) Le feidhm nua EPS, is féidir cuardach struchtúrtha agus ollonnmhairiú a dhéanamh ar na sonraí uile maidir le fógra faoi dhámhachtain conartha atá ar fáil in EPS (lena n-áirítear uimhreacha aitheantais cuideachta) i bhformáid is féidir a phróiseáil le meaisín (.csv nó .xlsx). Tá sonraí sa bhunachar sonraí maidir le baill cuibhreannais[47] agus fochonraitheoirí, agus níl na fochonraitheoirí sin ar fáil faoi láthair ach amháin i bhformáid téacs shaoir. I gcomhréir leis an mbeart feabhais, déanfar an fheidhm a fhorbairt tuilleadh chun sonraí struchtúrtha maidir le fochonraitheoirí a áireamh faoin 30 Samhain 2022. Nuashonraítear na sonraí 2 uair sa mhí; tá an fheidhm nua ar fáil don phobal saor in aisce agus gan chlárú. Tá sonraí ar fáil ó mhí Aibreáin 2018 ar aghaidh, i gcomhréir leis an mbeart feabhais; déanfar sonraí ó mhí Eanáir 2014 a chur ar fáil faoin 31 Márta 2023. Thairis sin, an 5 Samhain 2022, arna iarraidh sin don Choimisiún, thug an Ungáir don Choimisiún an treoir inmheánach a d'eisigh Oifig an Phríomh-Aire don chuideachta a oibríonn agus a nuashonraíonn an bunachar sonraí, deimhnithe ISO na cuideachta agus Cód Iompair an Ghrúpa Tacaíochta do Chustaiméirí, lena ndeimhnítear tréimhsiúlacht an fhoilsithe agus an phróisis maidir le faisnéis a cheartú.

(114) Measann an Coimisiún gur ghlac an Ungáir an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme. Rinneadh feidhm nua EPS a fhorbairt agus ceadaítear leis cuardach a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus onnmhairiú a dhéanamh ar shonraí maidir le fógra faoi dhámhachtain conartha in EPS, i bhformáid is féidir a phróiseáil le meaisín, i gcomhréir leis an mbeart feabhais. Tá an measúnú sin gan dochar d'fhorbairtí breise i ndáil le EPS, lena gceanglaítear dáta cur chun feidhme níos faide i gcomhréir leis an mbeart feabhais (féach freisin an mhír (113) thuas).

[47] Arna iarraidh sin don Choimisiún, an 29 Deireadh Fómhair 2022 thug údaráis na hUngáire soiléiriú breise maidir leis an bpróiseáil a dhéantar le meaisín ar shonraí atá ábhartha maidir le sonraí EPS atá in-íoslódáilte nuair a bhíonn soláthar poiblí buaite ag cuibhreannas.

### xi. Creat measúnaithe feidhmíochta a fhorbairt lena measúnaítear éifeachtacht agus cost-éifeachtúlacht na soláthar poiblí

(115) Gheall Rialtas na hUngáire creat measúnaithe feidhmíochta a fhorbairt faoin 30 Meán Fómhair 2022 chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar chostéifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí. Beidh an creat measúnaithe feidhmíochta ag feidhmiú faoin 30 Samhain 2022. Gheall Rialtas na hUngáire freisin úsáid rialta an chreata measúnaithe feidhmíochta a choinneáil ar bun gan choinníoll agus a chuid torthaí a fhoilsiú ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama.

(116) Ba í an Phríomhchéim Chur Chun Feidhme maidir leis an mbeart sin an creat measúnaithe feidhmíochta féin a fhorbairt, lena n-áirítear an Cinneadh Rialtais ábhartha a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(117) Rinne an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar an bPríomhchéim Cur Chun Feidhme.

(118) An 5 Meán Fómhair 2022, ghlac agus d'fhoilsigh Rialtas na hUngáire Cinneadh 1425/2022 maidir le creat measúnaithe feidhmíochta a fhorbairt lena ndéantar measúnú ar éifeachtúlacht agus ar chostéifeachtúlacht soláthairtí poiblí.

(119) Le Cinneadh 1425/2022 ón Rialtas, leagtar amach oibleagáid an Aire Forbartha Réigiúnaí maidir le sonraí a bhailiú agus scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le soláthair phoiblí tairisceana aonair. Tá an tAire Forbartha Réigiúnaí freagrach as eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR) agus saineolaithe maidir le soláthar poiblí a roghnú chun páirt a ghlacadh i mbunú agus in oibriú an chreata measúnaithe feidhmíochta. Ní mór tograí agus tuairimí ENRanna agus saineolaithe den sórt sin a chur san áireamh agus an creat á bhunú agus á fheidhmiú. Faoin gCinneadh ón Rialtas, cumasóidh an creat measúnaithe feidhmíochta, go háirithe, anailís bhliantúil a dhéanamh orthu seo a leanas (i) leibhéal na bpróiseas soláthair phoiblí nár éirigh leo agus na cúiseanna leis sin, (ii) sciar (líon agus luach) na gconarthaí a cealaíodh le linn fhorghníomhú an chonartha, (iii) sciar na moilleanna i gcur i gcrích conartha, (iv) sciar na dtarlúintí de róchaiteachas, (v) sciar na gconarthaí soláthair arna ndámhachtain ina gcuirtear saolré nó costáil saolré san áireamh, (vi) sciar na rannpháirtíochta rathúla micrifhiontar agus fiontar beag (ar fud na hearnála agus de réir na hearnála), (vii) luach na nósanna imeachta le tairiscintí aonair a mhaoinítear ó acmhainní náisiúnta agus ó chistí an Aontais ar leithligh agus/nó an dá rud agus an chaoi a ndéantar comparáid idir sin agus luach iomlán na nósanna imeachta soláthair phoiblí a mhaoinítear ó acmhainní náisiúnta agus ó chistí an Aontais ar leithligh agus/nó an dá rud. I gcomhréir leis an mbeart feabhais, beidh feidhm ag an gcreat measúnaithe feidhmíochta faoin 30 Samhain 2022. Faoin 28 Feabhra gach bliain, déanfar torthaí an mheasúnaithe feidhmíochta a chur ar fáil go poiblí.

(120) Measann an Coimisiún gur ghlac an Ungáir an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme. agus gur chomhlíon sí na gealltanais a bhaineann leis an gcreat oibríochtúil ar dá réir a dhéanfar an beart feabhais a bhunú agus a chur chun feidhme. Tá an measúnú sin gan dochar do bhunú iarbhír an chreata measúnaithe feidhmíochta agus d'fhoilsiú na chéad tuarascála, rudaí a thabharfaidh bunús leis an mbeart feabhais sa chleachtas agus lena gceanglaítear dáta cur chun feidhme níos faide (féach freisin mír (119) thuas).

(121) Tugann an Coimisiún dá aire gur fógraíodh an glao ar iarratas ar ENRanna agus ar shaineolaithe, ar seoladh an dréacht-téacs de chuig an gCoimisiún, an 11 Deireadh Fómhair 2022 agus gurb é an 26 Deireadh Fómhair 2022 an sprioc-am a bhí leis an nglao sin. Fuarthas 15 iarratas, 2 cheann ó eagraíochtaí agus 13 ó dhaoine aonair. Dá bhrí sin, cé gur cuireadh trí phost in áirithe d'eagraíochtaí, ní fhéadfadh ach dhá cheann acu a líonadh le heagraíochtaí. Maidir leis an tríú post, roghnaíodh iarratasóir aonair amháin ó ollscoil; mar sin féin, de réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, is cosúil nach bhfuil taithí a bhaineann leis an soláthar poiblí léirithe ag an duine sin. Thairis sin, roghnaíodh ceathrar saineolaithe neamhspleácha.

### xii. Plean gníomhaíochta a ghlacadh chun an leibhéal iomaíochais sa soláthar poiblí a mhéadú

(122) Gheall Rialtas na hUngáire go nglacfadh sé, faoin 31 Márta 2023, plean gníomhaíochta cuimsitheach arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an leibhéal iomaíochta sa soláthar poiblí a mbeidh sprioc-amanna soiléire agus uaillmhianacha aige chun gach ceann de na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme. Ba cheart a chur san áireamh sa phlean gníomhaíochta, inter alia, na chéad torthaí ón gcreat measúnaithe feidhmíochta, a bheidh ag feidhmiú faoin 31 Nollaig 2022.

(123) I gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin, ní raibh aon Phríomhchéim Cur Chun Feidhme láithreach maidir leis an mbeart feabhais sin. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an bhirt feabhais sin mar chuid den tuairisciú ó Rialtas na hUngáire i gcomhréir le mír (17) thuas.

### xiii. Oiliúint le tabhairt do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le cleachtais soláthair phoiblí

(124) Gheall Rialtas na hUngáire, faoin 31 Márta 2024, oiliúint sa soláthar poiblí a chur ar fáil saor in aisce do 1 000 micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide ar a laghad (agus béim ar leith á leagan ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga) agus é mar aidhm leis sin a rannpháirtíocht sa soláthar poiblí a éascú. Faoin 30 Meitheamh 2026, gheall Rialtas na hUngáire ócáidí oiliúna den sórt a chur ar fáil do 1 200 micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide breise ar a laghad (dá bhrí sin, 2 200 fiontar ar a laghad san iomlán). Thairis sin, gheall Rialtas na hUngáire go ndéanfadh sé faireachán agus meastóireacht ar éifeachtúlacht agus ar bhreisluach na seisiún oiliúna.

(125) I gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin, ní raibh aon Phríomhchéim Cur Chun Feidhme láithreach maidir leis an mbeart feabhais sin. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an bhirt feabhais sin mar chuid den tuairisciú ó Rialtas na hUngáire i gcomhréir le mír (17) thuas.

### xiv. Scéim tacaíochta a bhunú chun cúiteamh a dhéanamh ar na costais a bhaineann le bheith rannpháirteach i soláthar poiblí micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide

(126) Anuas ar an mbeart feabhais roimhe sin (xiii,), gheall Rialtas na hUngáire go seolfadh sé scéim tacaíochtaí do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí, faoin 31 Márta 2023. Ba cheart don scéim seo cúiteamh cnapshuime a sholáthar, bunaithe ar chritéir roghnúcháin oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus thrédhearcacha, do 1 800 micrifhiontar incháilithe agus fiontar beag ar a laghad, agus béim á leagan ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga. Leis an

scéim seo chumhdófaí na costais a bhaineann lena rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus é mar aidhm léi a rannpháirtíocht sa soláthar poiblí a éascú agus a mbacainní iontrála a laghdú. Ba cheart meastóireacht mheántéarma a dhéanamh faoin 30 Meán Fómhair 2024 agus ba cheart meastóireacht deiridh a chur i gcrích faoi dheireadh an chláir tacaíochta an 31 Iúil 2026.

(127) I gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin, ní raibh aon Phríomhchéim Cur Chun Feidhme láithreach maidir leis an mbeart feabhais sin. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an bhirt feabhais sin mar chuid den tuairisciú ó Rialtas na hUngáire i gcomhréir le mír (17) thuas.

**xv. Arachne a chur i bhfeidhm**

(128) Gheall Rialtas na hUngáire nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le húsáid chórasach agus leathnaithe fheidhmiúlachtaí uile na huirlise mianadóireachta sonraí aonair agus scórála riosca Arachne a chuireann an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit, i gcur chun feidhme aon tacaíochta ón Aontas, do gach clárthréimhse, chun coinbhleacht leasa, calaois, éilliú, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath go héifeachtach. Gheall Rialtas na hUngáire cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtach uirlis Arachne a choinneáil ar bun gan choinníoll ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama. Beidh rochtain iomlán ag na comhlachtaí iniúchóireachta agus rialaithe ábhartha uile ar na tacair sonraí a uaslódáiltear chuig Arachne. Tugann an Coimisiún dá aire go dtuigeann sé go mbeidh feidhm ag an ngealltanas sin freisin maidir le córais a d’fhéadfadh teacht i gcomharbas ar Arachne.

(129) Ba é an Phríomhchéim Chur Chun Feidhme maidir leis an mbeart sin cur chun feidhme na nósanna imeachta chun Arachne a úsáid go córasach agus go héifeachtach faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(130) Rinne an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar an bPríomhchéim Cur Chun Feidhme.

(131) An 30 Meán Fómhair 2022, ghlac Rialtas na hUngáire Foraithne 373/2022 ón Rialtas agus Foraithne leasaitheach 374/2022, a tháinig i bhfeidhm an lá céanna, le heisceachtaí áirithe i gcomhréir leis an mbeart feabhais.

(132) Leis na foraitheanta ón Rialtas, leagtar amach forálacha chun tarchur sonraí chuig Arachne a áirithiú 2 uair sa mhí agus leagtar amach sna hiarscríbhinní a ghabhann leo na réimsí sonraí ábhartha is gá a tharchur[48]. Thairis sin, leis na Foraitheanta, leagtar amach forálacha chun modheolaíocht a fhorbairt agus a athbhreithniú go rialta chun Arachne agus a torthaí a úsáid[49] agus chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis ábhartha feidhmeanna uile Arachne a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, go córasach agus go forleathan agus go gcuirfidh siad na feidhmeanna uile san áireamh in ullmhú agus glacadh na gcinntí maidir le cistiú ón Aontas[50]. Leis na Foraitheanta ón Rialtas,

[48] Féach Roinn 10 (2) 9 d’Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas agus Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis, Roinn 13 (1) (h) d’Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis agus Roinn 5 23 d’Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas agus Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis.

[49] Féach Alt 10 (2) (3) d’Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Alt 13 (1) c) d’Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Alt 5 22 d’Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

[50] Féach Alt 20 (1) 22. (e) d’Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Roinn 19 (2) c) d’Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Roinn 9 (1) i) d’Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

áirithítear rochtain ar fheidhmiúlachtaí agus ar shonraí Arachne do ghníomhaithe ábhartha, lena n-áirítear na húdaráis iniúchóireachta ábhartha[51]. Rinneadh an chéad phacáiste sonraí a tharchur chuig uirlis Arachne an 30 Meán Fómhair 2022. Áirítear in Arachne anois sonraí ó bheagnach 65 000 tionscadal san Ungáir le níos mó ná 41 000 tairbhí agus beagnach 6 000 conradh. Tá sé beartaithe go mbeidh an chéad uaslódáil eile ag an Ungáir faoin 30 Samhain 2022, i gcomhréir leis an mbeart feabhais. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmiú tráthúil aon uaslódála sonraí.

(133) Measann an Coimisiún go ndearna an Ungáir an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme agus leagtar amach sna Foraitheanta rialacha mionsonraithe maidir le húsáid chórasach agus éifeachtach Arachne, i gcomhréir leis an mbeart feabhais.

### xvi. Comhar le OLAF a neartú

(134) Gheall Rialtas na hUngáire dréachtghníomh maidir leis an leasú ar Acht CXXII 2010 maidir leis an Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim (*Nemzeti Adó- és Vámhivatal*) a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, a ghlacfar faoin 30 Meán Fómhair 2022 agus lena n-ainmneoidh sé an Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim mar an t-údarás náisiúnta inniúil chun cabhrú le OLAF nuair a dhéantar seiceálacha ar an láthair san Ungáir agus nuair a dhiúltaíonn oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir na seiceálacha sin comhoibriú leo. Gheall sé freisin dréachtghníomh maidir leis an leasú ar Acht XXIX 2004 a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta chun smachtbhanna airgeadais de chineál athchomhairleach a thabhairt isteach a bheidh le forchur i gcás ina ndiúltóidh oibreoir eacnamaíoch comhoibriú le OLAF chun críocha sheiceálacha agus chigireachtaí ar an láthair.

(135) Ba é an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme maidir leis an mbeart sin an dá acht thuasluaite a ghlacadh faoin 30 Meán Fómhair 2022.

(136) Rinne an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar an bPríomhchéim Cur Chun Feidhme.

(137) An 4 Deireadh Fómhair 2022 ghlac an Tionól Náisiúnta Acht XXIX 2022 lena leasaítear Achtanna áirithe a bhaineann le fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann dualgas poiblí, an Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim agus seiceálacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise i ndáil le rialú ar úsáid chistí buiséid an Aontais Eorpaigh, rud a fógraíodh an 10 Deireadh Fómhair 2022. Tháinig forálacha an Achta a bhaineann le OLAF i bhfeidhm an 26 Deireadh Fómhair 2022.

(138) I gcomhréir leis an mbeart feabhais, rinneadh Acht CXXII 2010 a leasú chun an Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim (*Nemzeti Adó- és Vámhivatal*) a ainmniú mar an t-údarás náisiúnta inniúil chun cabhrú le OLAF agus seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair san Ungáir á ndéanamh agus nuair a dhiúltaíonn oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir na seiceálacha sin comhoibriú. Déantar cur síos san Acht freisin ar an nós imeachta atá le leanúint. Tugadh isteach leis freisin go bhféadfadh garda airgeadais a bheith i láthair arna iarraidh sin ag OLAF. Rinneadh Acht XXIX de 2004 a leasú chun smachtbhanna airgeadais de chineál athchomhairleach a thabhairt isteach atá le forchur i

[51] Féach Alt 10 (2) (10) d'Fhoraithne 272/2014 ón Rialtas, Alt 13 (1) i) d'Fhoraithne 256/2021 ón Rialtas agus Alt 5 24 d'Fhoraithne 373/2022 ón Rialtas.

gcás ina ndiúltaíonn oibreoir eacnamaíoch oibriú i gcomhar le OLAF chun críocha seiceálacha ar an láthair agus iniúchtaí OLAF.

(139) Measann an Coimisiún go ndearna an Ungáir an Phríomhchéim Cur Chun Feidhme, agus go gcomhlíonann na leasuithe a tugadh isteach leis an Acht thuasluaite na gealltanais a leagtar síos leis an mbeart feabhais.

**xvii. Acht reachtach a ghlacadh lena n-áirithítear trédhearcacht fheabhsaithe maidir le caiteachas poiblí**

(140) Gheall Rialtas na hUngáire acht reachtach a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta ina leagfar amach oibleagáid ar gach comhlacht poiblí tacar faisnéise réamhshainithe a fhoilsiú go réamhghníomhach i gclár lárnach maidir le húsáid cistí poiblí, agus an t-achta bheith glactha ag an Tionól Náisiúnta faoin 31 Deireadh Fómhair 2022. Gheall Rialtas na hUngáire freisin faisnéis a chur ar fáil sa chlár lárnach maidir le fochonraitheoirí. Thairis sin, gheall sé an tAcht thuasluaite a choinneáil i bhfeidhm ar bun gan choinníoll ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama. Gheall sé freisin forfheidhmiú an Achta a áirithiú, agus go háirithe go ndéanfadh comhlachtaí poiblí na sonraí ábhartha go léir a uaslódáil go hiomlán agus go tráthúil chuig an gclárlann.

(141) Ba iad seo a leanas na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme maidir leis an mbeart seo (i) réamhdhréacht den acht reachtach lena leagtar amach oibleagáid ar gach comhlacht poiblí tacar faisnéise réamhshainithe a fhoilsiú go réamhghníomhach maidir le húsáid cistí poiblí a sheoladh chuig an gCoimisiún faoin 30 Meán Fómhair 2022, agus (ii) an t-acht reachtach sin a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022.

(142) Rinne an Ungáir na céimeanna seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme.

(143) An 15 Meán Fómhair, sheol Rialtas na hUngáire dréacht-téacs den Acht chuig an gCoimisiún chun oibleagáid a leagan amach do chomhlachtaí poiblí tacar faisnéise réamhshainithe a fhoilsiú go réamhghníomhach maidir le húsáid cistí poiblí le haghaidh comhairliúcháin.

(144) An 8 Samhain 2022, ghlac an Tionól Náisiúnta Acht XL de 2022 lena leasaítear Acht CXII de 2011 maidir leis an gceart chun féinchinntiúcháin faisnéise agus maidir le saoráil faisnéise, a fógraíodh an 14 Samhain 2022 agus a thiocfaidh i bhfeidhm an 29 Samhain 2022, le heisceachtaí áirithe. An 15 Samhain 2022, chuir Rialtas na hUngáire dhá bhille leasaitheacha faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta maidir le hAcht XL de 2022 agus Acht XCII de 2021, mar chuid den phacáiste seirbhíse. Tugadh isteach formhór na leasuithe ó Rialtas na hUngáire sa chuid sin den phacáiste seirbhíse ar tharla an vótáil chríochnaitheach ina leith an 22 Samhain 2022. Na leasuithe a bhaineann leis na rialacha nua maidir le forfheidhmiú na hoibleagáide tacar faisnéise réamhshainithe a fhoilsiú maidir le húsáid cistí poiblí, lena n-áirítear smachtbhannaí ('nós imeachta riaracháin um thrédhearcacht'), cuireadh isteach iad mar chuid den phacáiste seirbhíse agus socraíodh vóta críochnaitheach don 6 Nollaig 2022. Tar éis d'údaráis na hUngáire an pacáiste seirbhíse a chur faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, sheol siad téacs dlíthiúil athbhreithnithe d'Acht XL lena leasaítear Acht CXII de 2011 maidir leis an gceart chun féinchinntiúcháin faisnéise agus maidir leis an tsaoráil faisnéise chuig seirbhísí an Choimisiúin an 18 Samhain 2022. Bhí an téacs dlíthiúil sin le fáil freisin i Litir mhí na Samhna. Glacadh an tAcht leasaitheach maidir le formhór na leasuithe an 22 Samhain

2022 agus léirítear ann na hathruithe a áirítear sa téacs dlíthiúil a fuair an Coimisiún. Ní féidir leis an gCoimisiún, ag an bpointe seo, measúnú a dhéanamh ar na leasuithe maidir leis an nós imeachta um thrédhearcacht, atá sceidealaithe vóta a chaitheamh air sa Tionól Náisiúnta an 6 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, tá measúnú an Choimisiúin bunaithe ar an téacs dlíthiúil a fuarthas an 19 Samhain 2022.

(145) Le hAcht XL de 2022, leagtar amach oibleagáid ar orgáin bhuiséadacha faoin Acht um Airgeadas Poiblí, sonraí a bhaineann le húsáid cistí poiblí a fhoilsiú ar ardán an Chláir Lárnaigh Faisnéise um Shonraí Poiblí 2 uair sa mhí agus ar bhealach lena n-áirithítear go mbeidh sé ar fáil 10 mbliana ar a laghad óna bhfoilsiú. Tá an clár lárnach sin ar fáil do gach duine saor in aisce, gan an gá cuntais a chruthú chun rochtain a fháil agus i bhformáid is féidir a léamh ar mheaisín, lena gceadaítear oll-íoslódáil agus sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint agus a chur i gcomparáid le chéile. Léireofar i dtagairt an maoinítear soláthar, go hiomlán nó go páirteach, le tacaíocht ón Aontas. I gcás soláthair phoiblí nach sáraíonn an tairseach náisiúnta faoin Acht um Sholáthar Poiblí, léireoidh an Ungáir é sin do sholáthair phoiblí ag tosú ón 31 Márta 2023, i gcomhréir leis an mbeart feabhais. Bunóidh cothabhálaí an ardáin an t-ardán faoin 31 Nollaig 2022 ar a dhéanaí agus foilseoidh sé an bhileog sonraí is gá lena fhoilsiú ar an ardán. Na heintitis ar a gceanglaítear iad a fhoilsiú ar an ardán, foilseoidh siad sonraí ar an ardán ar bhonn leanúnach. Déanfar an chéad fhoilsiú tráth nach déanaí ná an 28 Feabhra 2023, i gcomhréir leis an mbeart feabhais freisin. Thairis sin, mar a luadh thuas, chruthófaí rialacha nua maidir le forfheidhmiú na hoibleagáide, lena n-áirítear smachtbhannaí, trí nós imeachta riaracháin um thrédhearcacht nua a bheadh le déanamh ag an Údarás Náisiúnta um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise chun cásanna neamhchomhlíonta a imscrúdú, a thiocfaidh i bhfeidhm an 28 Feabhra 2023. An 14 Samhain 2022, chuir údaráis na hUngáire an dréacht-Fhoraithne ón Rialtas lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis an gClár Lárnach Faisnéise um Shonraí Poiblí chuig seirbhísí an Choimisiúin, ina bhfuil an bhileog sonraí a theastaíonn le foilsiú ar an ardán.

(146) Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil gach údarás conarthach a shainítear in Alt 5(1) d’Acht CXLIII de 2015 maidir le soláthar poiblí (PPA) faoi réir na hoibleagáide faisnéis a fhoilsiú de bhun an Achta. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go ndéantar sonraí le haghaidh nósanna imeachta um sholáthar poiblí arna ndéanamh ag na heintitis dá dtagraítear in alt 5(1) de PPA, lena n-áirítear fondúireachtaí bainistithe sócmhainní chun leas an phobail, a léiriú i gcóras EPS lena gcomhlíontar an ceanglas maidir le trédhearcacht. Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil an téacs dlíthiúil arna sholáthar ag an Ungáir i gcomhréir leis an mbeart feabhais, ós rud é nach n-áirítear ann sonraí arna soláthar ó gach comhlacht poiblí sa tacar íosta sonraí atá le huaslódáil sa chóras lárnach lena n-áirítear sonraí maidir leis an údarás conarthach nó maidir le soláthraithe seirbhíse, maidir leis na soláthraithe agus na soláthraithe acmhainne. Ina áit sin, ní chuirfear na sonraí sin ar fáil, dar leis an Ungáir, ach amháin ar bhonn conradh ar chonradh. Mar gheall ar easpa na ngnéithe sin, tá an baol ann go gcuirfear an beart feabhais chun feidhme go neamhiomlán, rud a d’fhéadfadh a éifeachtach a lagú.

(147) Measann an Coimisiún go ndearna an Ungáir na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme, d’ainneoin na moille ar chur chun feidhme na Príomhchéime Cur Chun Feidhme a bhaineann leis an Acht a ghlacadh agus go gcomhlíonann an creat dlíthiúil maidir le trédhearcacht fheabhsaithe caiteachais phoiblí a leagtar amach in Acht XL de 2022 agus in Acht CXII de 2021 na gealltanais a leagtar síos leis an mbeart feabhais, cé is móite de na gnéithe dá dtagraítear i mír (145) thuas. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ar an

airdeall maidir leis na saincheisteanna a leagtar amach i mír (146) thuas maidir le cur chun feidhme amach anseo, agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar an staid bunaithe ar an tuairisciú ráithiúil ón Ungáir dá dtagraítear i mír (17) thuas, nó ar aon fhaisnéis a d'fhéadfadh sé a fháil ar shlí eile.

**CONCLÚID**

(148) In aithris 38 de Thogra CID, chinn an Coimisiún go mbeadh na bearta feabhais atá molta ag an Ungáir in ann, i bprionsabal, aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choimisiúin a cuireadh i láthair san Fhógra, ar choinníoll go ndéanfar na bearta sin uile a chur chun feidhme i gceart agus go héifeachtach.

(149) Luadh in Aithris 39 go raibh na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme maidir leis na bearta feabhais fós le cinneadh, go háirithe an chaoi a ndéanfaí príomh-eilimintí na mbeart a thrasuí sna téacsanna dlíthiúla iarbhír atá le glacadh chun na bearta feabhais a chur chun feidhme. Meabhraíodh san aithris sin freisin, ós rud é go mbaineann roinnt de na saincheisteanna a sainaithníodh san Ungáir ní hamháin le hathruithe ar an gcreat dlíthiúil, ach go háirithe le cur chun feidhme nithiúil na n-athruithe sa chleachtas, go gceanglaítear leis na hathruithe sin tréimhse ama níos faide chun torthaí nithiúla a bhaint amach, go dtí go gcuirfear chun feidhme ar a laghad príomhghnéithe roinnt de na bearta feabhais ag an gcéim sin, mar a léirítear i dtráthchláir na mbeart feabhais a thíolaic Rialtas na hUngáire an 22 Lúnasa, go raibh baol ann fós do bhuiséad an Aontais. Go dtí go dtiocfaidh príomhthéacsanna reachtacha i bhfeidhm lena gcuirfí chun feidhme go leor de na bearta feabhais, agus an measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún á chur san áireamh, chomh maith leis an bhféidearthacht go mb'fhéidir nach gcuirfear chun feidhme na bearta i gceart, nó go ndéanfaidh mionsonraí na mbeart a n-éifeachtacht a laghdú, tá measúnú réasúnta an Choimisiúin ar an leibhéal riosca le haghaidh bhuiséad an Aontais ag comhfhreagairt faoi láthair do 65 % de na cláir lena mbaineann, i.e. 5 phointe céatadáin níos lú ná an riosca a mheastar a bheith ann in éagmais bearta feabhais.

(150) Tugann an Coimisiún chun críche a mheasúnú ar na bearta feabhais i bhfianaise na bPríomhchéimeanna Cur Chun Feidhme chomh maith le mionsonraí na ngníomhartha dlíthiúla atá beartaithe nó a tháinig i bhfeidhm agus nósanna imeachta agus bearta breise arna leagan síos ag an Ungáir chun na bearta feabhais a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme, agus de réir mar a thug an Ungáir fógra don Choimisiún faoin 19 Samhain 2022.

(151) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearna an Ungáir roinnt céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar na Príomhchéimeanna Cur Chun Feidhme (reachtacha agus neamhreachtacha) a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin, agus, mar a leagtar amach sa mheasúnú sin, féadfar a mheas go bhfuil go leor de na gealltanais a thug an Ungáir sna bearta feabhais comhlíonta.

(152) Mar sin féin, tá laigí, rioscaí agus easnaimh thábhachtacha fós sna príomhbhearta feabhais, lena n-áirítear i ndáil le gnéithe lárnacha de na bearta feabhais sin, a' d'fhéadfadh an bonn a bhaint go mór dá n-éifeachtacht mar a leagtar amach thuas.

(153) Tá laigí tábhachtacha sainaitheanta ag an gCoimisiún nach bhfuil na hathruithe a bhí ag teastáil sna téacsanna dlíthiúla ábhartha tugtha isteach ag an Ungáir ina leith chun a

áirithiú go bhfuil na bearta leordhóthanach faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Is iad seo a leanas na laigí sin:

(i) an fhéidearthacht nach gcoinneodh an tÚdarás Sláine a inniúlacht go huathoibríoch tar éis tionscadal a tharraingt siar ó mhaoiniú ón Aontas (féach mír (30) thuas);

(ii) laigí an chórais le haghaidh athbhreithniú breithiúnach ar chinntí na n-údarás conarthach nach leanann moltaí an Údaráis Sláine;

(iii) laigí an nós imeachta um dhífhostú do chomhaltaí an Údaráis Sláine;

(iv) aistriú na hinniúlachta chuig an tÚdarás Sláine gan a bheith ann chun dearbhuithe sócmhainní feidhmeannaigh shinsearacha polaitiúla a fhíorú (i.e. Príomh-Aire, Airí, stiúrthóir polaitiúil an Phríomh-Aire, Rúnaithe Stáit, mar a chumhdaítear le hAlt 183 d'Acht CXXV de 2018 maidir le Riarachán Rialtais) agus an easpa soiléireachta sna téacsanna dlíthiúla a mhéid a bhaineann le cumhacht an Údaráis Sláine chun dearbhuithe sócmhainní poiblí na n-oifigeach ardriosca uile a fhíorú (féach mír (35) thuas);

(v) an fhéidearthacht nach mbeadh cinntí breithiúnacha lena gcuirtear cinntí ionchúisimh ar ceal ina gceangal ar an ionchúisitheoir (mír (83) thuas);

(vi) cuimsiú na céime neamhriachtanaí ag an gcúirt trialach ('scagaire'), i gcomhthéacs an nós imeachta nua maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar chinneadh na seirbhíse ionchúisimh nó an údaráis um imscrúdú chun tuarascáil ar choir a dhíbhe nó chun deireadh a chur leis na himeachtaí coiriúla (féach mír (85) thuas), agus easpa rialacha soiléire lena ndeimhnítear go bhféadfaí an nós imeachta nua a chur i bhfeidhm freisin maidir le cionta coiriúla (nach bhfuil faoi theorainn ama) a rinneadh roimh an 1 Eanáir 2023 (féach mír (86) thuas);

(vii) an easpa oibleagáide ar gach údarás conarthach faisnéis a fhoilsiú in éagmais sonraí faoin 'comhlacht freagrach' maidir le caiteachas poiblí, soláthraithe údaráis chonarthaigh nó seirbhíse, soláthraithe, agus soláthraithe acmhainneachta sa tacar íosta sonraí atá le huaslódáil sa chlár lárnach (féach mír (146) thuas).

(154) Thairis sin, tá rioscaí tábhachtacha fós ann a mhéid a bhaineann le roinnt saincheisteanna eile, is iad sin:

(i) easpa soiléireachta agus deimhneachta dlíthiúla a bhaineann le hoibleagáidí maidir le nochtadh d'eastát réadach lena n-áirítear oibleagáidí lasmuigh den Ungáir (féach mír (57) thuas);

(ii) easpa soiléireachta maidir le raon feidhme pearsanta, ábhartha agus ama an dearbhaithe sócmhainní, ioncaim agus leasanna eacnamaíocha d'fheidhmeannaigh áirithe, d'oifigigh agus do Chomhaltaí áirithe den Tionól Náisiúnta, agus dá gcéilí nó dá gcomhchónaitheoirí agus dá leanaí atá ina gcónaí sa teaghlach céanna (féach mír (57) thuas);

(iii) dearbhuithe sócmhainní ó chomhaltaí den Tionól Náisiúnta agus ó dhaoine a bhfuil feidhmeanna polaitiúla sinsearacha de chúram orthu a chur isteach agus a fhoilsiú go leictreonach i mbunachar sonraí atá inchuardaithe go poiblí (agus ní

mór an rochtain sin a bheith saor in aisce agus gan gá le clárú) (féach mír (59) thuas);

(iv) easpa gealltanais shoiléir maidir le hathbhreithniú ar fheidhmiú an nós imeachta um athbhreithniú breithiúnach ar chinntí ionchúisitheoirí faoin 31 Nollaig 2023, agus, más gá, foráil a dhéanamh maidir le leasuithe ar an gcreat reachtach a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh 2024 (féach mír (81) thuas);

(v) forálacha maidir le 'nós imeachta riaracháin um thrédhearcacht', arb é is cuspóir dó forfheidhmiú na gceanglas maidir le trédhearcacht agus cruinneas na sonraí atá le foilsiú a áirithiú de bhun an bhirt feabhais maidir le trédhearcacht fheabhsaithe caiteachais phoiblí, agus a nglacadh an 6 Nollaig 2022, lena theacht i bhfeidhm an 28 Feabhra 2023 (féach mír (144) thuas);

(vi) tar éis mheasúnú an Choimisiúin i mí Mheán Fómhair ar an mbeart feabhais atá beartaithe, éascú breise a dhéanamh ar oifigigh ardleibhéil a bheith ar bhoird fondúireachtaí bainistíochta leasa phoiblí a bhfuil sé de chuspóir acu méideanna móra cistí poiblí a eisíoc.

(155) Mar chonclúid, leis an measúnú foriomlán a chuirtear i láthair, ní féidir leis an gCoimisiún a chinneadh go gcuirfí deireadh leis na sáruithe ábhartha ar phrionsabail an smachta reachta agus/nó ar na tionchair nó na rioscaí do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus do leasanna airgeadais an Aontais leis na bearta feabhais ar thug an Ungáir fógra ina leith, arna meas ina n-iomláine, mar a glacadh iad agus i bhfianaise a sonraí, agus i bhfianaise na héiginnteachta a eascraíonn as sin maidir lena gcur i bhfeidhm sa chleachtas. Tá an méid sin níos measa fós mar gheall ar imní faoi na cleachtais riaracháin san Ungáir. Dá bhrí sin, tá na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin fós ann.

(156) I bhfianaise an measúnaithe thuas agus an riosca leanúnach atá ann don bhuiséad, d'ainneoin na gcéimeanna a ghlac an Ungáir, agus i bhfianaise chineál struchtúrach agus cothrománach na mbeart feabhais atá fós le comhlíonadh, coinníonn an Coimisiún a thogra maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint i gcoinne sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus iarrann sé ar an gComhairle leanúint ar aghaidh ar an mbonn sin.